*Uimhir* 8 *de* 2001

# AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Alt


1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

2. Léiriú.

3. An lá bunaithe.

4. Rialacháin agus orduithe.


CUID 2

An Chomhairle Mhúinteoireachta

Caibidil 1

*An Chomhairle: Forálacha Ginearálta.*


5. An Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

6. Cuspóirí na Comhairle.

7. Feidhmeanna na Comhairle.

8. Comhaltas na Comhairle.

9. Comhaltaí den Chomhairle a cheapadh.

10. Comhaltaí den Chomhairle a thoghadh.

11. Stiúrthóir.

12. An chéad Stiúrthóir.

13. Fostaithe.

14. Aoisliúntas.

15. Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

Alt

16. Fiosrúchán agus comhaltaí na Comhairle a chur as oifig.

17. Comhaltaí na Comhairle a shlánú.

18. Cuntais agus iniúchtaí.

19. Bronntanais.

20. Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.

21. Airleacain ón Aire chuig an gComhairle.

22. Caiteachais na Comhairle agus an Aire.

23. Táillí.

Caibidil 2

*Coistí de chuid na Comhairle.*

24. Coistí.

25. Comhaltas an Choiste Feidhmiúcháin.

26. Feidhmeanna an Choiste Feidhmiúcháin.

27. Comhaltas an Choiste Imscrúdúcháin.

28. Comhaltas an Choiste Araíonachta.

CUID 3

Clárú.

29. An clár.

30. Múinteoir cláraithe a fhostú.

31. Clárú.

32. Clárú faoi réir coinníollacha.

33. Clárú a athnuachan.

34. Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan.

35. Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár ar iarratas uaidh nó uaithi.

36. An clár a cheartú.

37. Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir don Chomhairle.

CUID 4

OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Alt

38. Na caighdeáin atá riachtanach chun dul isteach i ngairm na múinteoireachta a athbhreithniú.

39. Oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí.

40. Dualgas a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin íosta a bheidh sonraithe ag institiúidí de na Comhphobail Eorpacha.

CUID 5

FEIDHMIÚLACHT CHUN MÚINEADH.

41. Mí-iompar gairmiúil.

42. Fiosrúchán ag an gCoiste Imscrúdúcháin.

43. Fiosrúchán ag an gCoiste Araíonachta.

44. Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár nó a fhionraí ón gclár nó a choimeád ar an gclár faoi réir coinníollacha.

45. Coinníollacha maidir le múinteoir cláraithe a choimeád ar an gclár a chomhlíonadh.

46. Deireadh a chur le fionraí ón gclár.

47. Iarratas ón gComhairle chun na hArd-Chúirte ar ordú chun clárú a fhionraí.

CUID 6

AN CHOMHAIRLE CHLÁRAITHEACHTA A DHÍSCAOILEADH.

48. An *Intermediate Education (Ireland) Act*, 1914, a aisghairm.

49. An Chomhairle Chláraitheachta a dhíscaoileadh.

50. Imeachtaí dlíthiúla a bheidh ar feitheamh.

51. Sócmhainní agus dliteanais a aistriú.

52. Caomhnú conarthaí leanúnacha áirithe agus oiriúnú tagairtí.

CUID 7

ILGHNÉITHEACH.

53. Socruithe le daoine chun cabhrú leis an gComhairle.

54. Feidhmeanna breise a shannadh.

55. Tuarascáil bhliantúil.

56. Cionta agus pionóis i ndáil leis an gclár.

Alt

57. Nochtadh leasanna.

58. Nochtadh faisnéise.

59. Pribhléid i leith nithe áirithe.

60. Fianaise áirithe a bheith neamh-inghlactha.

61. Ionchúiseamh i leith cionta.

62. Fógraí a sheirbheáil.

SCEIDEAL 1

Comhaltas agus Cruinnithe na Comhairle

SCEIDEAL 2

An Stiúrthóir

SCEIDEAL 3

Painéal a Cheapadh faoi *Alt 43*

---

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999 | |
| An tAcht Oideachais, 1998 | 1998, Uimh. 51 |
| An tAcht Oideachais (Leas), 2000 | 2000, Uimh. 22 |
| An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 | 1997, Uimh. 2 |
| An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 | 1997, Uimh. 13 |
| *Intermediate Education (Ireland) Act*, 1914 | Geo. 4 & 5 c. 41 |
| An tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980 | 1980, Uimh. 8 |
| *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851 | 14 & 15 Vict., c. 93 |
| Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999 | 1999, Uimh. 26 |
| Na hAchtanna Ceardchumann, 1871 go 1990 | |
| Na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999 | |

*Uimhir* 8 *de* 2001

# AN tACHT UM CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA, 2001

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO CHUR NA MÚINTEOIREACHTA CHUN CINN MAR GHAIRM; DO CHUR FORBAIRT GHAIRMIÚIL MÚINTEOIRÍ CHUN CINN; DO CHOTHABHÁIL AGUS D'FHEABHSÚ CHÁILÍOCHT NA MÚINTEOIREACHTA SA STÁT; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN CAIGHDEÁIN, BEARTAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA A BHUNÚ MAIDIR LE hOIDEACHAS AGUS OILIÚINT MÚINTEOIRÍ AGUS MAIDIR LE NITHE EILE A BHAINEANN LE MÚINTEOIRÍ AGUS LE GAIRM NA MÚINTEOIREACHTA; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN MÚINTEOIRÍ A CHLÁRÚ AGUS A RIALÁIL AGUS DO CHUR LE CAIGHDEÁIN GHAIRMIÚLA AGUS LE hINNIÚLACHT GHAIRMIÚIL; CHUN NA gCRÍOCH SIN DO BHUNÚ COMHAIRLE AR A dTABHARFAR AN CHOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA NÓ, SA BHÉARLA, *THE TEACHING COUNCIL*; DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN AN *INTERMEDIATE EDUCATION (IRELAND) ACT,* 1914, A AISGHAIRM AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [17 *Aibreán*, 2001]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**1.**—(1) Féadfar an tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**2.**—(1) San Acht seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt—

Léiriú.

ciallaíonn ''cathaoirleach'' cathaoirleach na Comhairle a thoghfar faoi *mhír 6* de *Sceideal 1* agus folaíonn sé an leaschathaoirleach agus comhalta den Chomhairle a cheapfar faoi *mhír 11(c)* den Sceideal sin chun bheith i gceannas ag cruinniú, le linn dó nó di a bheith i gceannas amhlaidh;

Cd.1 A.2 ciallaíonn ‘‘coiste’’ coiste a bhunófar faoi *alt 24*;

ciallaíonn ‘‘Comhairle’’ an Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunófar faoi *alt 5*;

ciallaíonn ‘‘Stiúrthóir’’ príomhoifigeach feidhmiúcháin na Comhairle a cheapfar faoi *alt 11*;

ciallaíonn ‘‘Coiste Araíonachta’’ an coiste a bhunófar faoi *alt 24(2)(b)(ii)*;

ciallaíonn ‘‘lá bunaithe’’ an lá a cheapfaidh an tAire faoi *alt 3* chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo;

ciallaíonn ‘‘Coiste Feidhmiúcháin’’ an coiste a bhunófar faoi *alt 24(2)(a)*;

ciallaíonn ‘‘an chéad Stiúrthóir’’ duine a cheapfar faoi *alt 12* chun bheith ina chéad Stiúrthóir nó ina céad Stiúrthóir ar an gComhairle;

ciallaíonn ‘‘Coiste Imscrúdúcháin’’ an coiste a bhunófar faoi *alt 24(2)(b)(i)*;

ciallaíonn ‘‘Aire’’ an tAire Oideachais agus Eolaíochta;

tá le ‘‘cumann náisiúnta tuismitheoirí’’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Oideachais, 1998;

ciallaíonn ‘‘painéal’’ painéal de chuid an Choiste Araíonachta ar painéal é a bhunófar faoi *alt 43(2)*;

ciallaíonn ‘‘forordaithe’’ forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire nó ag an gComhairle, de réir mar a bheidh;

forléireofar ‘‘mí-iompar gairmiúil’’ de réir *alt 41*;

ciallaíonn ‘‘iar-bhunscoil aitheanta’’ scoil aitheanta ina gcuirtear iar-bhunoideachas ar fáil dá cuid mac léinn agus a fhéadfaidh freisin cúrsaí a chur ar fáil in oideachas aosach, in oideachas leanúnach, i ngairmoideachas nó i ngairmoiliúint;

ciallaíonn ‘‘bunscoil aitheanta’’ scoil aitheanta ina gcuirtear bunoideachas ar fáil dá cuid mac léinn agus a fhéadfaidh freisin oideachas luath-óige a chur ar fáil;

ciallaíonn ‘‘scoil aitheanta’’ scoil atá aitheanta ag an Aire de réir alt 10 den Acht Oideachais, 1998;

tá le ‘‘eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile’’ an bhrí chéanna atá leis san Acht Oideachais, 1998;

ciallaíonn ‘‘ceardchumann aitheanta’’ ceardchumann atá ceadúnaithe faoi na hAchtanna Ceardchumann, 1871 go 1990, agus atá aitheanta chun críocha comhchomhairle;

ciallaíonn ‘‘clár’’ an clár múinteoirí a bhunófar faoi *alt 29* agus forléireofar ‘‘clárú’’ agus ‘‘cláraithe’’ dá réir sin;

ciallaíonn ‘‘múinteoir cláraithe’’ múinteoir a bhfuil a ainm nó a hainm taifeadta sa chlár de réir *Chuid 3*;

ciallaíonn ''Comhairle Chláraitheachta'' an Chomhairle Chláraitheachta arna comhdhéanamh faoi alt 1 den *Intermediate Education (Ireland) Act*, 1914; Cd.1 A.2

ciallaíonn ''táille athnuachana'' táille a ghearrfar faoi *alt 23(2)(d)* nó *(e)*;

ciallaíonn ''múinteoir'' duine—

(*a*) a mbeidh na cáilíochtaí a cheanglaíonn an tAire le haghaidh fostaíochta mar mhúinteoir i scoil aitheanta bainte amach aige nó aici roimh an lá bunaithe, nó

(*b*) i gcás duine nach bhfuil feidhm ag *mír (a)* maidir leis nó léi, a bheidh inchláraithe faoi *alt 31(5)*.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt do Chuid, d'alt nó do Sceideal is tagairt í do Chuid nó d'alt den Acht seo nó do Sceideal a ghabhann leis an Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt, do mhír, d'fhomhír nó do chlásal is tagairt í don fho-alt, don mhír, don fhomhír nó don chlásal den fhoráil ina bhfuil an tagairt, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(*c*) déanfar tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile, lena n-áirítear an tAcht seo, agus

(*d*) aon tagairt do chomhlíonadh feidhmeanna, folaíonn sí, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairt d'fheidhmiú cumhachtaí agus do chomhall dualgas.

An lá bunaithe.

**3.**—Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.

Rialacháin agus orduithe.

**4.**—(1) Féadfaidh an tAire nó, faoi réir thoiliú an Aire, féadfaidh an Chomhairle, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú nó i ndáil le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ábhar do rialacháin nó chun go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil den Acht seo.

(2) Gach rialachán nó ordú a dhéanfaidh an tAire (seachas ordú a dhéanfar faoi *alt 1(2)*, *3*, *8(3)* nó *(5)* nó *16(7)*) agus aon rialacha a dhéanfaidh an Chomhairle faoi *mhír 2* de *Sceideal 3*, leagfar é nó iad faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis é nó iad a dhéanamh agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán, an t-ordú nó na rialacha a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, an ordaithe nó na rialacha, beidh an rialachán, an t-ordú nó na rialacha ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin gcéanna.

(3) Maidir le rialacháin a dhéanfar faoin Acht seo—

(*a*) féadfaidh cibé forálacha iarmhartacha, teagmhasacha, idirthréimhseacha nó forlíontacha a bheith iontu a

mheasfaidh an tAire nó an Chomhairle, de réir mar a bheidh, is gá nó is cuí chun críocha an Achta seo, agus

(*b*) féadfaidh feidhm a bheith acu i gcoitinne nó faoi threoir aicme nó aicmí sonraithe daoine nó earnála nó earnálacha scoile aitheanta nó aon ní eile a mheasfaidh an tAire nó an Chomhairle is cuí.

## CUID 2

## An Chomhairle Mhúinteoireachta

### Caibidil 1

### *An Chomhairle: Forálacha Ginearálta*

An Chomhairle Mhúinteoireachta a bhunú.

**5.**—(1) Beidh arna bhunú, ar an lá bunaithe, comhlacht ar a dtabharfar an Chomhairle Mhúinteoireachta nó, sa Bhéarla, *the Teaching Council*, agus comhlíonfaidh an comhlacht sin na feidhmeanna a thugtar dó leis an Acht seo nó faoi.

(2) Beidh an Chomhairle ina comhlacht corpraithe agus beidh comharbas suthain agus séala aici agus beidh cumhacht agartha aici agus beidh sí inagartha ina hainm corpraithe agus, le toiliú an Aire (arna thabhairt le ceadú an Aire Airgeadais), beidh cumhacht aici talamh nó leas i dtalamh a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt agus aon mhaoin eile a fháil, a shealbhú agus a dhiúscairt.

(3) Féadfaidh an Chomhairle, faoi réir an Achta seo, a nós imeachta féin a rialáil.

(4) Beidh feidhm ag *Sceideal 1* maidir leis an gComhairle.

Cuspóirí na Comhairle.

**6.**—Is iad seo a leanas cuspóirí na Comhairle—

(*a*) gairm na múinteoireachta agus iompar gairmiúil múinteoirí a rialáil,

(*b*) caighdeáin a bhunú maidir leis na nithe seo a leanas, agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán sin a chur chun cinn, eadhon—

(i) cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí,

(ii) múinteoireacht, eolas, oilteacht agus inniúlacht múinteoirí i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna aitheanta, agus

(iii) iompar gairmiúil múinteoirí,

agus

(*c*) oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí a chur chun cinn.

Feidhmeanna na Comhairle.

**7.**—(1) Is iad feidhmeanna na Comhairle gach ní a dhéanamh is gá nó is fóirsteanach de réir an Achta seo chun cuspóirí na Comhairle a chur ar aghaidh.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, comhlíonfaidh an Chomhairle na feidhmeanna seo a leanas: Cd.2 A.7

(*a*) an mhúinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm;

(*b*) cóid iompair ghairmiúil do mhúinteoirí, lena n-áireofar caighdeáin mhúinteoireachta, eolais, oilteachta agus inniúlachta, a bhunú, a fhoilsiú, a athbhreithniú agus a chothabháil;

(*c*) clár múinteoirí a bhunú agus a chothabháil;

(*d*) an t-oideachas agus an oiliúint agus na cáilíochtaí is gá le go gclárófar duine a chinneadh ó am go ham;

(*e*) nósanna imeachta agus critéir le haghaidh clárú a bhunú, lena n-áirítear deimhnithe a eisiúint agus clárú a athnuachan;

(*f*) nósanna imeachta a bhunú i ndáil le hinsealbhú múinteoirí i ngairm na múinteoireachta;

(*g*) nósanna imeachta agus critéir a bhunú le haghaidh promhadh múinteoirí, lena n-áirítear tréimhsí promhaidh;

(*h*) comhairle a thabhairt don Aire i ndáil le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(i) caighdeáin íosta na gcáilíochtaí oideachais is gá chun dul isteach i gcláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí;

(ii) forbairt ghairmiúil múinteoirí;

(iii) soláthar múinteoirí;

(iv) aon ní eile a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle a mheasfaidh an Chomhairle is cuí nó de réir mar a iarrfaidh an tAire;

(*i*) fiosrúcháin a sheoladh faoi fheidhmiúlacht aon mhúinteora chláraithe chun múineadh agus, i gcás inar cuí sin, smachtbhannaí a fhorchur i ndáil leis an bhfeidhmiúlacht sin;

(*j*) taighde ar nithe a bhaineann le cuspóirí na Comhairle a sheoladh nó a choimisiúnú agus, de réir mar a mheasfaidh sí is cuí, na fionnachtana a éireoidh as an taighde sin a fhoilsiú i cibé foirm agus i cibé modh is cuí leis an gComhairle;

(*k*) ionadaíocht a dhéanamh thar ceann ghairm na múinteoireachta maidir le saincheisteanna oideachais, agus nósanna imeachta a bhunú chun faisnéis a mhalartú le múinteoirí, le heagraíochtaí atá bainteach le hoideachas agus leis an bpobal;

(*l*) cibé faisnéis a sholáthar don Aire a cheanglóidh an tAire ó am go ham;

(*m*) cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú chun críche cláraithe;

CD.2 A.7

(*n*) gníomhú mar údarás ainmnithe de réir bhrí Rialachán 3(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Córas Ginearálta maidir le hAitheantas a Thabhairt do Dhioplómaí Ard-Oideachais), 1991 (I.R. Uimh. 1 de 1991) chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí faoi Threoir Uimh. 89/48/CEE an 21 Nollaig 1988 ón gComhairlest[1];

(*o*) gníomhú mar an t-údarás inniúil chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí, arna bhfáil i stát seachas Ballstát de na Comhphobail Eorpacha, ag duine a rinne iarratas faoin Acht seo go gclárófaí é nó í;

(*p*) de réir mar a ordóidh an tAire, comhoibriú le cibé comhlacht a bheidh arna bhunú i dTuaisceart Éireann, agus a chomhlíonann feidhmeanna de shamhail na bhfeidhmeanna a chomhlíonann an Chomhairle, i ndáil le cáilíochtaí múinteoirí agus malartuithe múinteoirí idir an Stát agus Tuaisceart Éireann.

(3) Le linn don Chomhairle a feidhmeanna a chomhlíonadh—

(*a*) déanfaidh sí na beartais a bhaineann le hoideachas agus oiliúint do mhúinteoirí, le promhadh, le cáilíochtaí, le hiompar gairmiúil agus le caighdeáin mhúinteoireachta a bhunóidh an tAire, ó am go ham, a chur i ngníomh,

(*b*) maidir leis an gcomhairle a thabharfaidh sí don Aire faoi *fho-alt (2)(h)*, beidh aird aici ar na himpleachtaí a ghabhann leis an gcomhairle sin do na hacmhainní atá ar fáil, lena n-áirítear na hacmhainní airgeadais, agus ar chur i ngníomh praiticiúil aon chomhairle den sórt sin, agus

(*c*) de réir mar a ordóidh an tAire, comhoibreoidh sí leis an gcomhlacht dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(p)* i ndáil leis na nithe sin a thagann faoi inniúlacht an chomhlachta sin agus na Comhairle faoi seach agus a gcomhaontóidh an comhlacht sin agus an Chomhairle gur díol spéise agus tairbhe iad do ghairm na múinteoireachta sa Stát agus i dTuaisceart Éireann araon.

Comhaltas na Comhairle.

**8.**—(1) 37 gcomhalta a bheidh ar an gComhairle.

(2) Is é nó is í an tAire a cheapfaidh comhaltaí na Comhairle agus áireofar orthu—

(*a*) 11 mhúinteoir cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, i mbunscoileanna aitheanta, agus—

(i) a mbeidh 9 acu tofa ag múinteoirí cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, i mbunscoileanna aitheanta, agus

(ii) a mbeidh 2 acu ainmnithe ag ceardchumainn aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí den sórt sin,

[1] O.J. No. L19, 24.1.89, lch.16.

(*b*) 11 mhúinteoir cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, in iar-bhunscoileanna aitheanta, agus— Cd.2 A.8

(i) a mbeidh 7 acu tofa ag múinteoirí cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, in iar-bhunscoileanna aitheanta, agus

(ii) a mbeidh 4 acu ainmnithe ag ceardchumainn aitheanta atá ionadaitheach do mhúinteoirí den sórt sin,

(*c*) 2 dhuine a bheidh ainmnithe ag na comhlachtaí seo a leanas i gcomhpháirt:

(i) Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath;

(ii) Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath;

(iii) Coláiste Mhuire, Marino, Baile Átha Cliath;

(iv) Coláiste Oideachais Froebel, Cnoc Síon, an Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath;

(v) Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach,

(*d*) 2 dhuine a bheidh ainmnithe ag na comhlachtaí seo a leanas i gcomhpháirt:

(i) an Coláiste Náisiúnta Ealaíne is Deartha;

(ii) Ollscoil na hÉireann, Corcaigh;

(iii) Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath;

(iv) Ollscoil na hÉireann, Gaillimh;

(v) Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad;

(vi) Ollscoil Bhaile Átha Cliath;

(vii) Ollscoil Luimnigh;

(viii) Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath;

(ix) Coláiste Oideachais Tís San Caitríona, Cnoc Síon, an Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath;

(x) Coláiste Oideachais San Aingeal, Sligeach;

(xi) cibé comhlachtaí eile, a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint ollscoile nó ardoideachas agus oiliúint eile (de réir bhrí Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999), a chinnfidh an Chomhairle,

(*e*) 4 dhuine a bheidh ainmnithe ag eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus—

(i) a mbeidh 2 acu ainmnithe ag eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile atá ionadaitheach do bhainisteoirí bunscoileanna aitheanta, agus

(ii) a mbeidh 2 acu ainmnithe ag eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile atá ionadaitheach do bhainisteoirí iar-bhunscoileanna aitheanta,

(*f*) 2 dhuine a bheidh ainmnithe ag cumainn náisiúnta tuismitheoirí agus—

(i) a mbeidh duine amháin acu ainmnithe, i gcomhpháirt, ag na cumainn náisiúnta tuismitheoirí sin atá ionadaitheach do thuismitheoirí mac léinn atá ag freastal ar bhunscoileanna aitheanta, agus

(ii) a mbeidh duine amháin acu ainmnithe, i gcomhpháirt, ag na cumainn náisiúnta tuismitheoirí sin atá ionadaitheach do thuismitheoirí mac léinn atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna aitheanta,

agus

(*g*) 5 dhuine a bheidh ceaptha ag an Aire, lena n-áirítear daoine ag a bhfuil taithí ar chúrsaí gnó, ar chúrsaí tionsclaíochta nó ar na gairmeacha, agus—

(i) a mbeidh duine amháin acu ainmnithe don Aire ag Comhar Ceardchumann na hÉireann, agus

(ii) a mbeidh duine amháin acu ainmnithe don Aire ag Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.

(3) Féadfaidh an tAire, le hordú, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle, *fo-alt (2)(c)* nó *(d)* a leasú trí fhoras a chur leis na forálacha sin nó trí fhoras a bhaint díobh.

(4) I gcás ina mbeartaíonn an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (3)* nó *(5)*, leagfar dréacht den ordú beartaithe faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréacht-ordaithe rite ag gach Teach acu sin.

(5) Féadfaidh an tAire ordú arna dhéanamh faoin alt seo, lena n-áirítear ordú arna dhéanamh faoin bhfo-alt seo, a leasú nó a chúlghairm.

(6) Beidh aird ag an Aire ar a inmhianaithe atá sé cothromaíocht chuí inscne, de réir mar a chinnfidh sé nó sí ó am go ham, a bheith ann, le linn dó nó di—

(*a*) ceapacháin a dhéanamh chun na Comhairle faoin alt seo, nó

(*b*) rialacháin a dhéanamh faoi *alt 10(1)* d'fhonn comhaltaí a thoghadh chun na Comhairle.

(7) Féadfar cibé luach saothair, agus cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh siad, a íoc le comhaltaí na Comhairle (lena n-áirítear an cathaoirleach), ar luach saothair é agus ar liúntais iad a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais.

Comhaltaí den Chomhairle a cheapadh.

**9.**—Déanfaidh an tAire na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gceapfar comhaltaí chun na chéad Chomhairle a bhunófar tar éis thosach feidhme an Achta seo agus déanfaidh an Chomhairle na bearta go léir is gá chun a áirithiú go gceapfar comhaltaí chun gach Comhairle ina dhiaidh sin.

Cd.2

Comhaltaí den Chomhairle a thoghadh.

**10.**—(1) (*a*) I gcás an chéad toghcháin comhaltaí chun na Comhairle, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun críocha na nithe seo a leanas:

(i) toghadh comhaltaí de réir *mhíreanna (a)(i)* agus *(b)(i) d'alt 8(2)*;

(ii) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go dtoghfar comhaltaí ar an mbonn geografaíochta is cothromasaí is féidir agus, chun na críche sin, foráil a dhéanamh maidir le toghlaigh agus líon na gcomhaltaí as gach toghlach a chinneadh.

(*b*) I gcás gach toghcháin ina dhiaidh sin, féadfaidh an Chomhairle, le ceadú an Aire, rialacháin a dhéanamh chun na gcríoch dá dtagraítear i *mír (a)(i)* agus *(ii)*.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfar gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas a shonrú sna rialacháin:

(*a*) an aicme nó na haicmí daoine a bheidh i dteideal ainmniúchán a lorg lena dtoghadh chun na Comhairle;

(*b*) an aicme nó na haicmí daoine a bheidh i dteideal iarrthóir a ainmniú lena thoghadh nó lena toghadh, nó a bheidh i dteideal vótáil, i dtoghchán;

(*c*) faoi réir *fho-alt (3)*, nach mbeidh múinteoirí cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, in earnáil áirithe scoile aitheanta i dteideal vótáil ach amháin ar son múinteoirí cláraithe a bheidh fostaithe, nó a bheidh cáilithe chun múineadh, san earnáil áirithe scoile aitheanta sin.

(3) I gcás an chéad toghcháin chun na Comhairle, measfar gur múinteoir cláraithe chun críocha an toghcháin sin múinteoir a bheidh fostaithe i scoil aitheanta mar mhúinteoir agus a ndéantar a luach saothair i leith na fostaíochta sin a íoc as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas.

(4) I gcás an chéad toghcháin chun na Comhairle, is é nó is í an tAire a cheapfaidh an ceann comhairimh don toghchán sin, agus i gcás gach toghcháin ina dhiaidh sin, is í an Chomhairle a cheapfaidh an ceann comhairimh don toghchán.

Stiúrthóir.

**11.**—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)* agus *alt 12*, ceapfaidh an Chomhairle ó am go ham, i gcáil lánaimseartha, príomhoifigeach feidhmiúcháin ar an gComhairle ar a dtabharfar, agus dá ngairtear san Acht seo, an ''Stiúrthóir''.

(2) Ceapfar an Stiúrthóir laistigh de 2 bhliain ón tráth a bhunófar an Chomhairle.

(3) Ceapfar an Stiúrthóir de réir nósanna imeachta a chinnfidh an Chomhairle faoi réir thoiliú an Aire.

(4) Déanfaidh an Stiúrthóir riaradh agus gnó na Comhairle a sheoladh agus a bhainistiú, agus na nithe sin a rialú i gcoitinne, agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an Chomhairle.

Cd.2 A.11

(5) Beidh feidhm ag *Sceideal 2* maidir leis an Stiúrthóir.

An chéad Stiúrthóir.

**12.**—(1) Féadfaidh an tAire duine a cheapadh chun bheith ina chéad Stiúrthóir nó ina céad Stiúrthóir.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, beidh an chéad Stiúrthóir i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse (ar tréimhse í nach faide ná 2 bhliain tar éis bhunú na Comhairle) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, táillí agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Más rud é go scoirfidh an chéad Stiúrthóir d'oifig a shealbhú ar aon chúis roimh dheireadh thréimhse a cheapacháin nó a ceapacháin, féadfaidh an tAire duine a cheapadh ar a dtabharfar an chéad Stiúrthóir agus a bheidh i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse (ar tréimhse í nach faide ná a mbeidh fágtha de théarma oifige an duine ba chúis leis an bhfolúntas a gceapfar é nó í lena líonadh) agus ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, táillí agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

(4) Nuair a cheapfar Stiúrthóir faoi *alt 11*, scoirfidh an chéad Stiúrthóir d'oifig a shealbhú.

(5) Go dtí go gceapfar Stiúrthóir faoi *alt 11*, comhlíonfaidh an chéad Stiúrthóir gach ceann d'fheidhmeanna Stiúrthóra faoin Acht seo.

(6) Aon tagairtí san Acht seo don Stiúrthóir, folóidh siad an chéad Stiúrthóir mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

Fostaithe.

**13.**—(1) Faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, cibé daoine agus cibé líon daoine a chinnfidh an Chomhairle a cheapadh chun bheith ina bhfostaithe don Chomhairle.

(2) Féadfaidh an Chomhairle, faoi réir cibé coinníollacha is cuí léi, aon cheann d'fheidhmeanna na Comhairle i ndáil le ceapadh fostaithe agus cinneadh nósanna imeachta roghnóireachta a tharmligean chuig an Stiúrthóir.

(3) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an Acht seo, is ar cibé téarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Stiúrthóir ó am go ham, le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, a fhostófar fostaí don Chomhairle.

(4) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an Acht seo, íocfaidh an Chomhairle lena fostaithe cibé luach saothair, táillí agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

Aoisliúntas.

**14.**—(1) San alt seo ciallaíonn ''Acht 1980'' an tAcht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980.

(2) Faoi réir *fho-alt (3)*, beidh feidhm ag Acht 1980 maidir leis an gComhairle agus lena fostaithe (lena n-áirítear an Stiúrthóir) amhail is dá mba údarás áitiúil an Chomhairle agus amhail is dá mba fhostaithe údaráis áitiúil na fostaithe.

(3) Beidh na feidhmeanna a thugtar don Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil le hAcht 1980, nó le haon ionstraim arna déanamh faoi, inchomhlíonta, chun críocha an Achta sin arna chur i bhfeidhm maidir leis an gComhairle le *fo-alt (2)*, ag an Aire agus ní ag an Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Cd.2 A.14

(4) Beidh feidhm ag scéimeanna agus rialacháin (lena n-áirítear modhnuithe ar na scéimeanna agus ar na rialacháin sin) arna ndéanamh, roimh an lá bunaithe, faoi Acht 1980, maidir le fostaithe na Comhairle (lena n-áirítear an Stiúrthóir), ach sin faoi réir aon mhodhnuithe a shonróidh an tAire le hordú, le toiliú an Aire Airgeadais.

Comhaltas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa.

**15.**—(1) Más rud é, maidir le fostaí don Chomhairle (lena n-áirítear an Stiúrthóir)—

(*a*) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann, nó

(*b*) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina ionadaí nó ina hionadaí i bParlaimint na hEorpa, nó

(*c*) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

beidh sé nó sí air sin ar iasacht ó fhostaíocht ag an gComhairle agus ní íocfaidh an Chomhairle leis nó léi, nó ní bheidh sé nó sí i dteideal go bhfaighidh sé nó sí ón gComhairle, aon luach saothair, táillí agus liúntais i leith caiteachas i leith na tréimhse dar tosach an tráth a ainmneofar nó a thoghfar é nó í amhlaidh, nó an tráth a mheasfar amhlaidh é nó í a bheith tofa, de réir mar a bheidh, agus dar críoch an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach acu sin nó den Pharlaimint sin.

(2) Chun críocha aon sochair aoisliúntais, ní dhéanfar aon tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a áireamh mar sheirbhís leis an gComhairle.

(3) Aon duine a bheidh de thuras na huaire i dteideal faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí sa Teach sin nó is comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith fostaithe in aon cháil ag an gComhairle.

Fiosrúchán agus comhaltaí na Comhairle a chur as oifig.

**16.**—(1) Más rud go mbeidh an tAire den tuairim gur mhainnigh, gur fhailligh nó gur dhiúltaigh an Chomhairle feidhm a shanntar di faoin Acht seo a chomhlíonadh, nó gur mhainnigh sí aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh go héifeachtach, nó go bhfuil an tAcht seo á shárú aici ar shlí eile, féadfaidh an tAire, tar éis dó nó di a thuairim nó a tuairim a chur in iúl don Chomhairle ar dtús agus aon mhíniú a thabharfar mar fhreagra a bhreithniú, duine a cheapadh chun aon ní is bun le tuairim an Aire a fhiosrú.

(2) Fiosróidh duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* na nithe is bun le tuairim an Aire agus aon ní gaolmhar agus tabharfaidh sé nó sí tuarascáil ar fhionnachtana an fhiosrúcháin don Aire.

(3) Chun críocha an ailt seo, beidh duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* i dteideal dul isteach, gach tráth réasúnach, in áitreabh na

Cd.2 A.16 Comhairle chun gnóthaí na Comhairle a fhiosrú nó chun iniúchadh a dhéanamh ar an áitreabh, ar an trealamh agus ar na taifid más rud é, dar leis nó léi, go bhfuil an t-iniúchadh iomchuí maidir leis an bhfiosrúchán.

(4) Déanfaidh an Chomhairle agus a fostaithe gach comhoibriú agus saoráid réasúnach a thabhairt do dhuine a cheapfar faoi *fho-alt (1)*, lena n-áirítear rochtain ar cibé áitreabh, trealamh agus taifid a theastóidh ón duine, chun a chumasú dó nó di a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh.

(5) Más rud é, tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go mbeidh an tAire fós den tuairim gur mhainnigh, gur fhailligh nó gur dhiúltaigh an Chomhairle feidhm a shanntar di faoin Acht seo a chomhlíonadh nó gur mhainnigh sí aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh go héifeachtach, nó go bhfuil an tAcht seo á shárú aici ar shlí eile, déanfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, an méid sin a chur in iúl don Stiúrthóir agus tabharfaidh sé nó sí cóip den tuarascáil don Stiúrthóir.

(6) Féadfaidh an Chomhairle uiríll a dhéanamh chun an Aire i leith na tuarascála laistigh de 14 lá ón dáta a gheobhaidh sí an tuarascáil.

(7) Féadfaidh an tAire, le hordú, tar éis dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* agus tar éis uiríll na Comhairle, más ann, i leith na tuarascála a bhreithniú, na comhaltaí den Chomhairle a chur as oifig agus a gcomhaltas a fhoirceannadh—

(*a*) más rud é go mbeidh an tAire fós den tuairim gur mhainnigh, gur fhailligh nó gur dhiúltaigh an Chomhairle feidhm a shanntar di faoin Acht seo a chomhlíonadh nó gur mhainnigh sí aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh go héifeachtach, nó go bhfuil an tAcht seo á shárú aici ar shlí eile, agus

(*b*) más rud é go mbeidh an tAire den tuairim gur ceart an Chomhairle a chur as oifig.

(8) I gcás ina mbeartaíonn an tAire ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (7)*, leagfar dréacht den ordú beartaithe faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréacht-ordaithe rite ag gach Teach acu sin.

(9) I gcás ina ndéanfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (7)*, ceapfaidh sé nó sí cibé duine nó cibé comhlacht daoine is cuí leis nó léi chun feidhmeanna na Comhairle a chomhlíonadh agus comhlíonfaidh an duine nó an comhlacht sin na feidhmeanna sin go dtí go dtosóidh an chéad chruinniú den Chomhairle tar éis cheapadh a comhaltaí faoi *fho-alt (11)*.

(10) Féadfaidh duine nó comhlacht daoine a cheapfar faoi *fho-alt (9)*, le linn dó nó di feidhm a thugtar leis an Acht seo a chomhlíonadh, imeacht ón nós imeachta agus ó fhoirm aon fhógra a thabharfar faoin Acht seo, de réir mar a mheasfaidh an duine nó an comhlacht is cuí d'fhonn an fheidhm lena mbaineann a chomhlíonadh go héifeachtach.

(11) Déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, ach in aon chás tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis comhaltaí na Comhairle a chur as oifig, Comhairle nua a cheapadh de réir *alt 8*.

(12) Is as airgead a sholáthróidh an tOireachtas a íocfar luach saothair, más ann, aon duine a cheapfar faoi *fho-alt (1)* nó aon duine nó aon chomhalta de chomhlacht a cheapfar faoi *fho-alt (9)*. Cd.2 A.16

Comhaltaí na Comhairle a shlánú.

**17.**—Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta den Chomhairle i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun an Achta seo nó de bhun aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo.

Cuntais agus iniúchtaí.

**18.**—(1) Coimeádfaidh an Chomhairle na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách—

(*a*) ar an airgead go léir a gheobhaidh sí nó a chaithfidh sí agus ar fhoinsí an ioncaim sin agus ar ábhar an chaiteachais sin, agus

(*b*) ar mhaoin, sócmhainní agus dliteanais uile na Comhairle.

(2) Déanfaidh iniúchóir a bheidh ceaptha ag an Aire chun na críche sin cuntais a choimeádfar de réir *fho-alt (1)* a iniúchadh uair amháin ar a laghad gach bliain agus déanfaidh an Chomhairle táillí an iniúchóra agus costais an iniúchta i gcoitinne a íoc a luaithe is indéanta tar éis an iniúchta.

(3) Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta tar éis gach iniúchta, cóip de na cuntais agus de dheimhniú agus de thuarascáil an iniúchóra orthu a thabhairt don Aire agus cuirfidh sí faoi deara cóipeanna den chéanna a chló, a fhoilsiú agus a thairiscint lena ndíol, agus díreach tar éis a bhfoilsithe déanfar cóip de na cuntais agus de dheimhniú agus de thuarascáil an iniúchóra orthu a chur faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Bronntanais.

**19.**—(1) Féadfaidh an Chomhairle bronntanais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais agus coinníollacha, más ann, a shonróidh an deontóir.

(2) Ní ghlacfaidh an Chomhairle le bronntanas más rud é go mbeidh na hiontaobhais nó na coinníollacha a bheidh curtha ag gabháil leis ag an deontóir ar neamhréir le cuspóirí nó le feidhmeanna na Comhairle faoin Acht seo nó gur dochar iad do na cuspóirí nó do na feidhmeanna sin.

Cumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.

**20.**—Féadfaidh an Chomhairle ó am go ham, d'fhonn soláthar a dhéanamh maidir le caiteachas reatha nó caipitiúil, airgead, lena n-áirítear airgead in airgeadra seachas airgeadra an Stáit, a fháil ar iasacht (cibé acu ar urrús shócmhainní na Comhairle nó ar shlí eile) faoi réir thoiliú an Aire agus an Aire Airgeadais agus faoi réir cibé coinníollacha a shonróidh siad.

Airleacain ón Aire chuig an gComhairle.

**21.**—Féadfaidh an tAire, ó am go ham, ar feadh 2 bhliain tar éis an lae bunaithe, le toiliú an Aire Airgeadais, cibé suimeanna a chinnfidh an tAire a airleacan don Chomhairle, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, chun críche caiteachais ag an gComhairle i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Cd.2

Caiteachais na Comhairle agus an Aire.

**22.**—(1) Íocfaidh an Chomhairle, as cistí a bheidh faoina réir, na caiteachais go léir a thabhóidh an Chomhairle.

(2) Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Táillí.

**23.**—(1) Féadfaidh an Chomhairle cibé táillí a ghearradh, a ghlacadh agus a ghnóthú a fhorordóidh an Chomhairle ó am go ham, faoi réir thoiliú an Aire, i ndáil le comhlíonadh a feidhmeanna ag an gComhairle, le soláthar seirbhísí aici (seachas seirbhís arb é atá inti comhairle a thabhairt don Aire nó d'Aire eile den Rialtas) agus le seoladh gníomhaíochtaí aici.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, féadfaidh an Chomhairle táillí a ghearradh maidir le gach ceann nó aon cheann acu seo a leanas:

(*a*) clárú faoi *alt 31*;

(*b*) an clár a iniúchadh nó cóip as a sholáthar faoi *alt 29(6)*;

(*c*) deimhniú clárúcháin faoi *alt 31* a eisiúint chuig múinteoir cláraithe;

(*d*) clárú a athnuachan faoi *alt 33*;

(*e*) athnuachan déanach ar chlárú faoi *alt 34*;

(*f*) múinteoir cláraithe a bhaint den chlár faoi *alt 35*;

(*g*) an clár a cheartú ar iarratas ó mhúinteoir cláraithe faoi *alt 36*;

(*h*) cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú faoi *alt 38*;

(*i*) múinteoir a chur ar ais ar an gclár faoi *alt 46*;

(*j*) aon seirbhís eile a sholáthróidh an Chomhairle ó am go ham.

(3) Féadfaidh an Chomhairle aon mhéid a bheidh dlite agus ag dul di faoi *fho-alt (1)* a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla ó aon duine a mbeidh sé iníoctha aige nó aici.

Caibidil 2

*Coistí de chuid na Comhairle*

Coistí.

**24.**—(1) Féadfaidh an Chomhairle coistí a bhunú a bheidh comhdhéanta go hiomlán nó go páirteach de dhaoine ar comhaltaí den Chomhairle iad—

(*a*) chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le nithe a bhaineann le haon cheann dá feidhmeanna nó maidir le cibé nithe a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham, nó

(*b*) chun cibé feidhmeanna de chuid na Comhairle a tharmligfear chun an choiste ó am go ham a chomhlíonadh. CD.2 A.24

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, bunóidh an Chomhairle—

(*a*) coiste ar a dtabharfar an Coiste Feidhmiúcháin chun na feidhmeanna a thugtar dó le *halt 26* a chomhlíonadh, agus

(*b*) coistí ar a dtabharfar—

(i) an Coiste Imscrúdúcháin, agus

(ii) an Coiste Araíonachta,

faoi seach, chun na feidhmeanna a thugtar do na coistí sin le *Cuid 5* a chomhlíonadh.

(3) Beidh gníomhartha coiste (seachas an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta) agus feidhmiú feidhmeanna a tharmligtear chuige faoin alt seo nó, i gcás an Choiste Feidhmiúcháin, faoi *alt 26*, ag coiste, faoi réir a ndaingnithe nó a dhaingnithe ag an gComhairle, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.

(4) Maidir le comhaltaí coiste—

(*a*) ceapfar iad faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha, agus

(*b*) féadfaidh an Chomhairle cibé liúntais i leith caiteachas a thabhóidh siad ag comhall a bhfeidhmeanna dóibh a íoc leo, ar liúntais iad

a chinnfidh an Chomhairle faoi réir thoiliú an Aire.

(5) Féadfaidh an Chomhairle, faoi réir an Achta seo, téarmaí tagartha coiste a chinneadh agus nósanna imeachta agus gnó coiste, lena n-áirítear, faoi réir *fho-alt (8)*, líonadh corrfholúntas, a rialáil, le buanorduithe nó ar shlí eile, ach, faoi réir aon rialála den sórt sin, féadfaidh coiste a nósanna imeachta féin a rialáil.

(6) Déanfaidh coiste (seachas an Coiste Feidhmiúcháin, an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta) cathaoirleach a cheapadh, ó am go ham, as measc a chomhaltaí.

(7) Féadfaidh an Chomhairle comhalta de choiste a chur as oifig aon tráth ar chúiseanna sonraithe.

(8) Más rud é, i gcás an Choiste Feidhmiúcháin, an Choiste Imscrúdúcháin nó an Choiste Araíonachta, go dtarlóidh corrfholúntas i measc a chomhaltaí, ceapfaidh an Coiste Feidhmiúcháin duine chun corrfholúntas den sórt sin a líonadh agus—

(*a*) ceapfar an duine ar an modh céanna ar ar ceapadh an comhalta den choiste ba chúis leis an gcorrfholúntas, agus

(*b*) beidh an duine i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta sin.

(9) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh an Chomhairle aon tráth coiste a bhunaigh sí faoin alt seo a dhíscaoileadh.

CD.2 A.24

(*b*) I gcás ina ndíscaoilfear an Coiste Feidhmiúcháin, an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta faoi *mhír (a)*, déanfar an coiste sin a athbhunú a luaithe is indéanta.

(10) Le linn di coiste a bhunú beidh aird ag an gComhairle ar a inmhianaithe atá sé cothromaíocht chuí inscne a bheith ann, de réir mar a chinnfidh an tAire ó am go ham.

(11) Chun críocha chomhlíonadh fheidhmeanna na Comhairle, déanfaidh coiste cibé faisnéis a éileoidh an Chomhairle ó am go ham, i ndáil lena ghníomhaíochtaí agus lena oibriú, a sholáthar di.

Comhaltas an Choiste Feidhmiúcháin.

**25.**—(1) 11 chomhalta a bheidh ar an gCoiste Feidhmiúcháin, ar comhaltaí den Chomhairle arna gceapadh de réir *mhíreanna (a)* agus *(b) d'alt 8(2)* líon nach lú ná 6 agus nach mó ná 7 acu.

(2) Is iad comhaltaí an Choiste Feidhmiúcháin—

(*a*) cathaoirleach na Comhairle,

(*b*) leaschathaoirleach na Comhairle,

(*c*) cathaoirligh cibé coistí (seachas an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta) a mheasfaidh an Chomhairle is cuí,

(*d*) 2 chomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhír (g) d'alt 8(2)*, agus

(*e*) cibé comhaltaí eile den Chomhairle a mheasfaidh an Chomhairle is cuí.

(3) Beidh cathaoirleach na Comhairle ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Feidhmiúcháin.

(4) Gníomhóidh an Stiúrthóir mar rúnaí don Choiste Feidhmiúcháin.

Feidhmeanna an Choiste Feidhmiúcháin.

**26.**—Is iad feidhmeanna an Choiste Feidhmiúcháin—

(*a*) éascaíocht a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle i gcomhlíonadh a feidhmeanna;

(*b*) an clár oibre do chruinnithe ginearálta na Comhairle a ullmhú, i gcomhairle leis an Stiúrthóir;

(*c*) gníomhaíochtaí coistí (seachas an Coiste Imscrúdúcháin nó an Coiste Araíonachta) agus oibríochtaí na Comhairle i gcoitinne a chomhordú;

(*d*) corrfholúntais a líonadh de réir *alt 24(8)*;

(*e*) nuair nach féidir leis an gComhairle, mar gheall ar riachtanais ama nó ar aon chúis eile, teacht le chéile, gach ní nó aon ní díobh seo a leanas a dhéanamh—

(i) gníomhú thar ceann na Comhairle;

(ii) orduithe eatramhacha a dhéanamh thar ceann na Comhairle agus beidh aon orduithe den sórt sin faoi

réir a ndaingnithe ag an gComhairle laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an gComhairle ina nósanna imeachta, ar tréimhse í nach faide ná 28 lá ó dháta déanta an ordaithe lena mbaineann; Cd.2 A.26

(iii) caiteachas a údarú, faoi réir cibé rialachán a dhéanfaidh an Chomhairle ó am go ham agus faoi réir srianta buiséadacha;

(*f*) comhairle a thabhairt don Chomhairle de réir mar a mheasfaidh sé is cuí;

(*g*) athbhreithniú a dhéanamh ar bhunú, ar chomhaltas, ar théarmaí tagartha agus ar leanúnachas coistí agus moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle ina leith sin;

(*h*) tuarascáil a thabhairt ar a ghníomhaíochtaí de réir mar a ordóidh an Chomhairle ó am go ham; agus

(*i*) cibé feidhmeanna eile a tharmligfidh an Chomhairle chuige ó am go ham a chomhlíonadh.

Comhaltas an Choiste Imscrúdúcháin.

**27.**—(1) 11 chomhalta a bheidh ar an gCoiste Imscrúdúcháin.

(2) Faoi réir *fho-alt (4)*, is iad comhaltaí an Choiste Imscrúdúcháin—

(*a*) leaschathaoirleach na Comhairle,

(*b*) 6 chomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhíreanna (a)* agus *(b) d'alt 8(2)*,

(*c*) 3 chomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhíreanna (c)*, *(d)*, *(e)* agus *(f) d'alt 8(2)*, agus

(*d*) comhalta amháin den Chomhairle arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *mhír (g) d'alt 8(2)*.

(3) Beidh leaschathaoirleach na Comhairle ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Imscrúdúcháin.

(4) Gníomhóidh an Stiúrthóir mar rúnaí don Choiste Imscrúdúcháin.

(5) Ní bheidh comhalta den Choiste Araíonachta i dteideal a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Choiste Imscrúdúcháin.

Comhaltas an Choiste Araíonachta.

**28.**—(1) 13 chomhalta a bheidh ar an gCoiste Araíonachta.

(2) Is iad comhaltaí an Choiste Araíonachta—

(*a*) cathaoirleach na Comhairle,

(*b*) 7 gcomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhíreanna (a)* agus *(b) d'alt 8(2)*,

(*c*) 3 chomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhíreanna (c)*, *(d)*, *(e)* agus *(f) d'alt 8(2)*, agus

(*d*) 2 chomhalta den Chomhairle arna gceapadh faoi *mhír (g) d'alt 8(2)*.

Cd.2 A.28

(3) Beidh cathaoirleach na Comhairle ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gCoiste Araíonachta.

(4) Gníomhóidh an Stiúrthóir mar rúnaí don Choiste Araíonachta.

## CUID 3

### Clárú

An clár.

**29.**—(1) Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta tar éis an lae bunaithe, clár ar a dtabharfar Clár na Múinteoirí a bhunú agus a choimeád i cibé foirm agus i cibé slí a chinnfidh an Chomhairle.

(2) Féadfar an clár a ullmhú, a bhunú agus a choimeád ar shlí seachas i bhfoirm inléite faoi réir é a bheith inathraithe ina fhoirm inléite agus inúsáidte chun cóip nó atáirgeadh inléite a dhéanamh d'aon taifead sa chlár.

(3) Féadfaidh an Chomhairle an fhaisnéis a bheidh le taifeadadh sa chlár agus an fhoirm agus an modh ina dtaifeadfar agus ina gcoimeádfar an fhaisnéis sin a fhorordú agus áireofar na nithe seo a leanas san fhaisnéis sin ach ní gá go mbeidh sí teoranta dóibh:

(*a*) maidir le gach duine atá i dteideal a bheith cláraithe:

(i) ainm agus seoladh le haghaidh comhfhreagrais;

(ii) dáta breithe;

(iii) cáilíochtaí;

(iv) an bhfuil an clárú faoi réir coinníollacha faoi *alt 31*;

(v) uimhir chláraithe;

(vi) dáta cláraithe;

(vii) ainm agus seoladh an fhostóra;

(viii) sonraí maidir le fostaíocht reatha, lena n-áirítear poist freagrachta atá á sealbhú;

(ix) an earnáil vótála mar a fhorordaítear faoi *alt 10*;

(x) torthaí aon imeachtaí araíonachta faoi *Chuid 5* agus an tréimhse a bhfágfar an fhaisnéis sin ar an gclár;

(*b*) cibé faisnéis eile a mheasfaidh an Chomhairle is cuí ó am go ham.

(4) Foilseoidh an Chomhairle an clár i cibé foirm agus i cibé slí is cuí léi.

(5) Déanfar gach doiciméad a airbheartóidh a bheith ina chóip de thaifead sa chlár nó ina shliocht as, agus a airbheartóidh a bheith deimhnithe ag an Stiúrthóir mar chóip dhílis den taifead sin, nó mar shliocht dílis as, a ghlacadh i bhfianaise in aon imeachtaí dlíthiúla gan chruthúnas ar shíniú an Stiúrthóra agus measfar, go dtí go suífear a mhalairt, gur cóip dhílis den taifead sin é, nó gur sliocht dílis as é, agus beidh sé ina fhianaise ar théarmaí an taifid sin.

(6) Coinneofar an clár in oifigí na Comhairle agus, faoi réir cibé táille a fhorordófar faoi *alt 23* a íoc— Cd.3 A.29

(*a*) cuirfear an clár ar fáil lena iniúchadh ag aon duine, go hiomlán nó go páirteach, ag cibé tráthanna agus i cibé slí a fhorordóidh an Chomhairle, agus

(*b*) i gcás ina ndéanfaidh aon duine iarraidh chun an Stiúrthóra ar chóip dheimhnithe nó neamhdheimhnithe de thaifead sa chlár, nó ar shliocht as, déanfaidh an Stiúrthóir cóip den taifead nó den sliocht a sholáthar don duine sin.

(7) Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i mír 1(2)—

‘‘An Chomhairle Mhúinteoireachta,’’.

Múinteoir cláraithe a fhostú.

**30.**—Aon duine a bheidh fostaithe mar mhúinteoir i scoil aitheanta ach—

(*a*) nach múinteoir cláraithe é nó í, nó

(*b*) a bhainfear den chlár nó a chuirfear ar fionraí ón gclár faoi *Chuid 5*,

ní thabharfaidh an scoil luach saothair dó nó di i leith a fhostaíochta nó a fostaíochta as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Clárú.

**31.**—(1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar chlárú.

(2) Maidir le duine—

(*a*) a bheidh fostaithe, roimh an lá bunaithe, mar mhúinteoir i scoil aitheanta agus a bhfuil a luach saothair i leith na fostaíochta sin á íoc as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, nó

(*b*) i gcás nach mbeidh sé nó sí fostaithe amhlaidh roimh an lá bunaithe, a bheidh i dteideal a bheith fostaithe amhlaidh,

measfar é nó í a bheith cláraithe ar feadh tréimhse 12 mhí ón lá bunaithe.

(3) (*a*) Déanfaidh duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* iarratas chuig an gComhairle ar chlárú laistigh den tréimhse a shonraítear san fho-alt sin agus, ar iarratas a dhéanamh, déanfar é nó í a chlárú.

(*b*) I gcás nach ndéanfaidh duine iarratas ar chlárú laistigh den tréimhse shonraithe, rachaidh a chlárú nó a clárú ar ceal ag deireadh na tréimhse sin agus beidh feidhm ag *alt 30*.

(4) Féadfaidh an Chomhairle rialacháin a dhéanamh chun críocha cláraithe faoi *fho-alt (3)* agus déanfar foráil leo maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas, ach ní gá go mbeidh siad teoranta dóibh:

(*a*) an fhoirm agus an modh ina ndéanfar iarratas ar chlárú;

Cd.3 A.31

(*b*) an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile a bheidh ag gabháil le hiarratas ar chlárú.

(5) Féadfaidh an Chomhairle rialacháin a dhéanamh chun daoine, seachas na daoine sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, a chlárú faoin alt seo, agus déanfar foráil leo maidir le gach ceann nó aon cheann de na nithe seo a leanas, ach ní gá go mbeidh siad teoranta dóibh:

(*a*) an fhoirm agus an modh ina ndéanfar iarratas ar chlárú;

(*b*) an fhianaise dhoiciméadach agus an fhianaise eile a bheidh ag gabháil le hiarratas ar chlárú;

(*c*) na coinníollacha chun múinteoir a chur ar an gclár, ar coinníollacha iad a bhféadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh iontu, ach nach gá iad a bheith teoranta dóibh:

(i) cáilíochtaí;

(ii) taithí mhúinteoireachta;

(iii) feidhmiúlacht ó thaobh sláinte de;

(iv) fianaise i dtaobh carachtair,

(*d*) duine cláraithe a bhaint den chlár faoi *alt 34* mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh chun clárú a athnuachan;

(*e*) an clár a cheartú faoi *alt 36*.

(6) Féadfaidh an Chomhairle—

(*a*) diúltú duine a chlárú más rud é—

(i) nach gcomhlíonann sé nó sí na ceanglais maidir le clárú a fhorordaítear faoi *fho-alt (5)*,

(ii) gur baineadh é nó í den chlár faoi *Chuid 5*, nó

(iii) go ndearna an tAire, roimh an lá bunaithe, aitheantas mar mhúinteoir i mbunscoil nó clárú mar mhúinteoir in iar-bhunscoil a tharraingt siar i leith an duine,

nó

(*b*) duine a chlárú faoi réir coinníollacha, lena n-áirítear coinníollacha maidir le promhadh, agus déanfar na coinníollacha sin a chomhlíonadh laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an Chomhairle.

(7) I gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh, faoi *fho-alt (6)*, chun diúltú duine a chlárú nó chun an duine a chlárú faoi réir coinníollacha, déanfaidh an Chomhairle, laistigh de 21 lá tar éis an cinneadh a dhéanamh, an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh sin, mar aon le cearta an duine faoi *fho-alt (8)*, a chur in iúl don duine trí fhógra i scríbhinn.

(8) Féadfaidh duine, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála fógra faoi *fho-alt (7)*, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh lena mbaineann a neamhniú agus féadfaidh an Chúirt, ar an iarratas a éisteacht—

(*a*) cinneadh na Comhairle a dhaingniú,

(*b*) cinneadh na Comhairle a neamhniú agus, de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí—

(i) a ordú don Chomhairle an duine a chlárú i dteannta nó d'éagmais coinníollacha, de réir mar a bheidh, nó

(ii) a ordú don Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh,

(*c*) cinneadh na Comhairle a athrú, nó

(*d*) cibé ordacháin eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a thabhairt don Chomhairle,

agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú a mheasfaidh sí is cuí a dhéanamh i dtaobh costas.

(9) (*a*) Déanfaidh an Chomhairle, nuair a bheidh clárú curtha i gcrích, deimhniú clárúcháin a eisiúint chuig an múinteoir cláraithe i cibé foirm agus i cibé slí, agus ina mbeidh cibé faisnéis, a fhorordóidh an Chomhairle.

(*b*) Aon deimhniú a airbheartóidh a bheith eisithe ag an gComhairle faoi *mhír (a)*, beidh sé, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó gurb í a shínigh an deimhniú, ina fhianaise, go dtí go suífear a mhalairt, ar na nithe a luaitear sa deimhniú.

Clárú faoi réir coinníollacha.

**32.**—(1) (*a*) I gcás an clárú a bheith faoi réir coinníollacha a bheidh le comhlíonadh laistigh de thréimhse shonraithe faoi *alt 31(6)(b)*, féadfaidh an duine a rinne an t-iarratas ar chlárú iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gComhairle, laistigh den tréimhse shonraithe, ar fhadú ar an tréimhse sin.

(*b*) Is de réir rogha na Comhairle a dhéanfar aon fhadú ar an tréimhse shonraithe.

(2) I gcás nach ndéanfaidh duine na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chomhlíonadh laistigh den tréimhse shonraithe nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse sin faoin bhfo-alt sin, rachaidh an clárú coinníollach ar ceal.

Clárú a athnuachan.

**33.**—(1) Beidh clárú bailí go ceann 12 mhí ón dáta clárúcháin.

(2) Faoi réir cibé táille athnuachana a bheidh forordaithe faoi *alt 23* a íoc, féadfaidh múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh chun a chlárú nó a clárú a athnuachan ar feadh tréimhsí breise, nach faide ná 12 mhí aon tréimhse acu.

(3) Déanfar iarratas chun chlárú a athnuachan sula rachaidh tréimhse bhailíochta an chláraithe in éag.

(4) Beidh éifeacht le téarma athnuachana cláraithe ón dáta a dtéann an clárú roimhe sin in éag.

(5) Ar iarratas chun chlárú a athnuachan agus an táille fhorordaithe a fháil, déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, admháil a chur chuig an múinteoir cláraithe á rá go bhfuarthas íocaíocht na táille agus gur athnuadh an clárú go ceann 12 mhí eile.

Cd.3 A.33

(6) Aon admháil arna heisiúint ag an gComhairle faoi *fho-alt (5)* beidh sí, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó gurb í a shínigh an admháil nó gurbh é nó gurbh í an duine sin an duine cuí lena síniú amhlaidh, ina fianaise, in aon imeachtaí dlíthiúla, gur athnuadh an clárú agus gur clárú reatha é, mura suífear a mhalairt.

Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár mar gheall ar mhainneachtain iarratas a dhéanamh ar chlárú a athnuachan.

**34.**—(1) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas chun clárú a athnuachan de réir *alt 33*, déanfaidh an Chomhairle, ar dhul in éag dá chlárú nó dá clárú, a chur in iúl dó nó di, trí fhógra i scríbhinn, go ndéanfar é nó í a bhaint den chlár laistigh de mhí amháin ó dháta an fhógra sin mura bhfaighfear iarratas chun clárú a athnuachan laistigh den tréimhse sin, mar aon le cibé táille athnuachana, as athnuachan déanach ar chlárú, a bheidh forordaithe faoi *alt 23*.

(2) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas chun clárú a athnuachan de réir *fho-alt (1)*, bainfidh an Chomhairle an múinteoir den chlár.

(*b*) I gcás iarratas a bheith déanta faoin *alt 42* ar fhiosrúchán maidir le feidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh, ní bhainfidh an Chomhairle an múinteoir den chlár faoin alt seo go dtí cibé tráth a bheidh a fiosrúchán curtha i gcrích ag an gComhairle.

(3) Féadfaidh múinteoir cláraithe a bheidh bainte den chlár de réir *fho-alt (2)* iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar chlárú agus beidh feidhm ag *alt 31*.

Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár ar iarratas uaidh nó uaithi.

**35.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh múinteoir cláraithe iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gComhairle go mbainfear é nó í den chlár.

(2) I gcás ina ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas go mbainfear é nó í den chlár faoi *fho-alt (1)* agus ina mbeidh iarratas déanta faoi *alt 42* ar fhiosrúchán i dtaobh fheidhmiúlacht an mhúinteora chun múineadh, ní bhreithneoidh an Chomhairle an t-iarratas faoi *fho-alt (1)* go dtí cibé tráth a bheidh a fiosrúchán curtha i gcrích ag an gComhairle.

(3) Féadfaidh múinteoir a bheidh bainte den chlár faoin alt seo iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle ar chlárú agus beidh feidhm ag *alt 31*.

An clár a cheartú.

**36.**—(1) D'fhonn an clár a choimeád i riocht ceart, déanfaidh an Chomhairle, ó am go ham, de réir rialachán arna ndéanamh faoi *alt 31*—

(*a*) earráidí sa chlár a cheartú, agus

(*b*) gach athrú a bhfaighidh sí eolas faoi, i leith na faisnéise a bheidh taifeadta sa chlár i ndáil le múinteoir cláraithe, a thaifeadadh sa chlár.

(2) I gcás ina ndéanfaidh an Chomhairle aon bheart faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh sí, a luaithe is indéanta, trí fhógra i scríbhinn, aon bheart a rinneadh agus na cúiseanna leis an mbeart sin a chur in iúl don duine lena mbaineann, nó, i gcás an duine lena mbaineann a bheith marbh, dá neasghaol.

(3) Déanfaidh múinteoir cláraithe, a luaithe is indéanta, na nithe seo a leanas a chur in iúl don Chomhairle trí fhógra i scríbhinn— Cd.3 A.36

(*a*) aon earráidí sa chlár a mbeidh eolas aige nó aici orthu i ndáil lena chlárú nó lena clárú, agus

(*b*) aon athrú ar an bhfaisnéis a bheidh taifeadta sa chlár i ndáil leis nó léi.

Faisnéis a bheidh le tabhairt ag fostóir don Chomhairle.

**37.**—Féadfaidh an Chomhairle, faoi réir thoiliú an Aire, an fhaisnéis a fhorordú a bheidh le tabhairt ag fostóir don Chomhairle i leith múinteora chláraithe atá fostaithe mar mhúinteoir i gcás ina ndéanfaidh an fostóir an múinteoir a dhífhostú nó i gcás ina n-éireoidh an múinteoir as a phost nó as a post.

## CUID 4

### Oideachas agus Oiliúint

Na caighdeáin atá riachtanach chun dul isteach i ngairm na múinteoireachta a athbhreithniú.

**38.**—(1) Déanfaidh an Chomhairle, ó am go ham—

(*a*) na cláir oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a sholáthraíonn forais ardoideachais agus ardoiliúna sa Stát a athbhreithniú agus a chreidiúnú,

(*b*) na caighdeáin oideachais agus oiliúna is cuí do dhuine a bheidh ag dul isteach i gclár oideachais agus oiliúna do mhúinteoirí a athbhreithniú, agus

(*c*) na caighdeáin eolais, oilteachta agus inniúlachta is gá do chleachtadh na múinteoireachta a athbhreithniú,

agus tabharfaidh sí comhairle don Aire agus, de réir mar is cuí léi, do na forais lena mbaineann.

(2) Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Aire agus le cibé forais ardoideachais agus ardoiliúna sa Stát a mheasfaidh sí is cuí chun a feidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh.

Oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí.

**39.**—(1) Déanfaidh an Chomhairle oideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a chur chun cinn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Chomhairle—

(*a*) taighde a sheoladh ar oideachas agus oiliúint leanúnach agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí, agus déanfaidh sí na fionnachtana a éiríonn as an taighde sin a fhoilsiú i cibé foirm agus i cibé slí is cuí leis an gComhairle,

(*b*) feasacht a chur chun cinn i ngairm na múinteoireachta agus i measc an phobail ar na tairbhí a ghabhann le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus le forbairt ghairmiúil,

(*c*) cláir a bhaineann le hoideachas agus oiliúint leanúnach do mhúinteoirí a athbhreithniú agus a chreidiúnú, agus

Cd.4 A.39

(*d*) cibé feidhmeanna eile i ndáil le hoideachas agus oiliúint leanúnach agus forbairt ghairmiúil múinteoirí a shannfaidh an tAire don Chomhairle a chomhlíonadh.

Dualgas a chinntiú go gcomhlíonfar caighdeáin íosta a bheidh sonraithe ag institiúidí de na Comhphobail Eorpacha.

**40.**—Cinnteoidh an Chomhairle, maidir leis na ceanglais a bhaineann le hoideachas agus oiliúint do mhúinteoirí d'fhonn cáiliú mar mhúinteoir, go gcomhlíonann siad na caighdeáin íosta a bheidh sonraithe in aon treoir, rialachán nó ionstraim eile a bheidh glactha ag institiúid de na Comhphobail Eorpacha nó in aon bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa.

## CUID 5

### Feidhmiúlacht chun Múineadh

Mí-iompar gairmiúil.

**41.**—Chun críocha na Coda seo, is mí-iompar gairmiúil ag múinteoir cláraithe iad na nithe seo a leanas—

(*a*) gabháil d'iompar atá contrártha do chód iompair ghairmiúil arna bhunú ag an gComhairle faoi *alt 7(2)(b)*;

(*b*) gabháil d'aon iompar míchuí ina cháil nó ina cáil ghairmiúil nó ar shlí eile, ar dá bharr a atá sé nó sí neamhfheidhmiúil chun múineadh.

Fiosrúchán ag an gCoiste Imscrúdúcháin.

**42.**—(1) Féadfaidh an Chomhairle nó aon duine iarratas a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin ar fhiosrúchán faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh ar gach ceann nó aon cheann de na forais seo a leanas:

(*a*) nár chomhlíon sé nó sí an tAcht seo, an tAcht Oideachais, 1998, an tAcht Oideachais (Leas), 2000, na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, nó aon rialacháin, rialacha nó orduithe arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin, nó gur sháraigh sé nó sí aon fhoráil de na hAchtanna sin;

(*b*) gur mí-iompar gairmiúil a iompar nó a hiompar;

(*c*) go bhfuil a chlárú nó a clárú earráideach mar gheall ar dhearbhú nó mífhaisnéis atá bréagach nó calaoiseach;

(*d*) go bhfuil sé nó sí neamhfheidhmiúil, ó thaobh sláinte de, chun múineadh,

agus déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin iarratas a bhreithniú ach sin faoi réir an ailt seo.

(2) Maidir le hiarratas faoi *fho-alt (1)*—

(*a*) beidh sé i scríbhinn,

(*b*) beidh sé sínithe ag an iarratasóir, agus

(*c*) beidh cibé doiciméid agus faisnéis is iomchuí maidir leis an iarratas ag gabháil leis.

(3) (*a*) Gníomhóidh an Stiúrthóir mar rúnaí don Choiste Imscrúdúcháin agus, faoi réir *mhír (b)*, déanfaidh sé nó

sí gach iarratas a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* a tharchur chuig an gCoiste Imscrúdúcháin. Cd.5 A.42

(*b*) Diúltóidh an Stiúrthóir d'iarratas más rud é—

(i) nach gcomhlíonann an t-iarratas ceanglais *fho-alt (2)*, nó

(ii) gur dóigh leis nó léi go bhfuil an t-iarratas suaibhreosach nó cráiteach, go ndearnadh é de mheon mímhacánta nó gur mí-úsáid próise é.

(4) I gcás ina ndiúltóidh an Stiúrthóir d'iarratas faoi *fho-alt (3)(b)*, déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don iarratasóir trí fhógra i scríbhinn agus luafar san fhógra go bhféadfaidh an t-iarratasóir achomharc a dhéanamh chuig an gCoiste Imscrúdúcháin i gcoinne an chinnidh laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála an fhógra.

(5) (*a*) Faoi réir *mhír (b)*, seolfaidh an Coiste Imscrúdúcháin fiosrúchán i leith iarratais a tharchuirfidh an Stiúrthóir chuige faoi *fho-alt (3)(a)* nó i leith achomharc a dhéanfar faoin *fho-alt (4)*.

(*b*) Diúltóidh an Coiste Imscrúdúcháin iarratas nó achomharc dá dtagraítear i *mír (a)* a bhreithniú más rud é—

(i) nach mbaineann an t-iarratas nó an t-achomharc le feidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh,

(ii) nach ndeachthas i muinín na nósanna imeachta go léir arna mbunú faoi ailt 24 agus 28 den Acht Oideachais, 1998, nó faoi na hAchtanna Gairmoideachais, 1930 go 1999, de réir mar a bheidh, ach amháin i gcás ina mbeidh cúiseanna maithe leordhóthanacha ann chun an t-iarratas nó an t-achomharc a bhreithniú dá ainneoin sin, nó

(iii) nach bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun imscrúdú a sheoladh.

(6) I gcás ina ndiúltóidh an Coiste Imscrúdúcháin, faoi *fho-alt (5)(b)*, iarratas nó achomharc dá dtagraítear i *bhfo-alt (5) (a)* a bhreithniú, déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, an cinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don iarratasóir trí fhógra i scríbhinn.

(7) (*a*) I gcás ina gcinnfidh an Coiste Imscrúdúcháin fiosrúchán a sheoladh, déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, na nithe seo a leanas a sholáthar don mhúinteoir cláraithe—

(i) cóip den iarratas agus aon doiciméid agus faisnéis a bheidh ag gabháil leis an iarratas, agus

(ii) fógra á rá go bhféadfaidh an múinteoir cláraithe aighneachtaí a dhéanamh, i scríbhinn, chuig an gCoiste Imscrúdúcháin laistigh de 21 lá tar éis don mhúinteoir cláraithe an fógra a fháil.

(*b*) Breithneoidh an Coiste Imscrúdúcháin aon aighneachtaí a dhéanfar faoi *mhír (a)(ii)*.

Cd.5 A.42

(8) (*a*) Féadfaidh an Coiste Imscrúdúcháin cibé faisnéis nó aighneachtaí eile a iarraidh ar an iarratasóir, ar an múinteoir cláraithe agus ar an scoil lena mbaineann, agus féadfaidh sé cibé sainchomhairle nó sainchúnamh a fháil, a mheasfaidh sé is cuí d'fhonn iarratas faoin alt seo a bhreithniú.

(*b*) I gcás neamhfheidhmiúlachta líomhnaithe ó thaobh sláinte de, féadfaidh an Chomhairle rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir le fianaise liachta a chur ar fáil, uiríll a dhéanamh agus teacht i láthair le haghaidh scrúdú liachta.

(9) Tar éis a fhiosrúcháin, déanfaidh an Coiste Imscrúdúcháin cinneadh—

(*a*) an t-iarratas a tharchur, go hiomlán nó go páirteach, chuig an gCoiste Araíonachta, nó

(*b*) diúltú don iarratas,

agus tabharfaidh an Coiste Imscrúdúcháin a chinneadh, i scríbhinn, don Stiúrthóir agus, i gcás cinnidh faoi *mhír (b)*, tabharfaidh sé na cúiseanna leis an gcinneadh.

(10) Déanfaidh an Stiúrthóir, laistigh de 21 lá tar éis dó nó di an cinneadh arna dhéanamh faoi *fho-alt (9)* a fháil, cóip den chinneadh agus, i gcás cinnidh faoi *mhír (b)*, na cúiseanna leis an gcinneadh, a sholáthar do na daoine seo a leanas—

(*a*) an t-iarratasóir,

(*b*) an múinteoir cláraithe, agus

(*c*) i gcás an múinteoir cláraithe a bheith fostaithe mar mhúinteoir, a fhostóir nó a fostóir.

Fiosrúchán ag an gCoiste Araíonachta.

**43.**—(1) Seolfaidh an Coiste Araíonachta fiosrúchán i leith iarratais a tharchuirfidh an Coiste Imscrúdúcháin chuige faoi *alt 42(9)(a)*.

(2) Chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, ceapfaidh an Stiúrthóir painéal den Choiste Araíonachta ar a mbeidh 3 dhuine ar a laghad agus 5 dhuine ar a mhéid, ar múinteoirí cláraithe a dtromlach, agus beidh feidhm ag *Sceideal 3*.

(3) Tar éis fiosrúcháin ag painéal de réir *Sceideal 3* agus rialacha arna ndéanamh faoi *mhír 2* den Sceideal sin, tabharfaidh an painéal tuarascáil don Choiste Araíonachta faoin bhfiosrúchán agus faoina mbeidh faighte amach aige agus sonróidh sé sa tuarascáil an cineál iarratais a bhí ann agus an fhianaise a leagadh faoi bhráid an phainéil agus aon ní eile i ndáil leis an múinteoir cláraithe a mheasfaidh sé is cuí, lena n-áirítear a thuairim, ag féachaint dá mbeidh sa tuarascáil, maidir leis an neamhfheidhmiúlacht líomhnaithe chun múineadh, nó féadfaidh sé an t-iarratas a dhíbhe.

(4) Más rud é go ndéanfaidh an painéal iarratas faoi *fho-alt (3)* a dhíbhe, déanfaidh an Coiste Araíonachta, a luaithe is féidir, an méid sin a chur in iúl trí fhógra i scríbhinn—

(*a*) don iarratasóir,

(*b*) don mhúinteoir cláraithe lena mbaineann agus do cibé daoine eile a iarrfaidh an múinteoir, agus Cd.5 A.43

(*c*) i gcás an múinteoir a bheith fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fostóir,

agus déanfaidh sé, ar iarraidh ón múinteoir cláraithe lena mbaineann, fógra á rá sin a fhoilsiú i cibé foirm agus i cibé slí a chinnfidh an Chomhairle.

Múinteoir cláraithe a bhaint den chlár nó a fhionraí ón gclár nó a choimeád ar an gclár faoi réir coinníollacha.

**44.**—(1) I gcás ina ndéanfaidh painéal cinneadh faoin gCuid seo go bhfuil múinteoir cláraithe neamhfheidhmiúil chun múineadh, féadfaidh an Coiste Araíonachta, tar éis dó an tuarascáil faoin bhfiosrúchán a rinne an painéal faoi *alt 43* a bhreithniú, cinneadh a dhéanamh—

(*a*) go mbainfear an múinteoir cláraithe den chlár agus nach mbeidh sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh lena chur nó lena cur ar ais ar an gclár faoi *alt 31* roimh dheireadh cibé tréimhse, dar tosach an dáta a bhainfear den chlár é nó í, a shonróidh an Coiste Araíonachta sa chinneadh,

(*b*) go ndéanfar an múinteoir cláraithe a fhionraí ón gclár ar feadh na tréimhse a shonróidh an Coiste Araíonachta, ar tréimhse í nach faide ná 2 bhliain, nó

(*c*) go gcoimeádfar an múinteoir cláraithe ar an gclár faoi réir gach coinníll nó aon choinníll acu seo a leanas:

(i) go n-iarrfaidh an múinteoir cúnamh ó cibé seirbhís, a bhaineann le sláinte agus leas múinteoirí, a bheidh ar fáil;

(ii) go bhfreastalóidh an múinteoir ar chúrsa sonraithe forbartha gairmiúla, nó ar cibé cúrsa eile a mheasfaidh an Coiste Araíonachta is cuí;

(iii) an tréimhse ar lena linn a chomhlíonfaidh an múinteoir coinníollacha an choimeádta;

(iv) cibé coinníollacha eile is cuí leis an gCoiste Araíonachta.

(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, trí fhógra i scríbhinn, laistigh de 21 lá ón dáta a dhéanfar an cinneadh, cóip den chinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh a sholáthar—

(*a*) don iarratasóir,

(*b*) don mhúinteoir cláraithe,

(*c*) i gcás an múinteoir cláraithe a bheith fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fostóir, agus

(*d*) don Aire.

(3) Féadfaidh múinteoir cláraithe, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála fógra faoi *fho-alt (2)*, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh a neamhniú agus féadfaidh an Chúirt, ar an iarratas a éisteacht—

(*a*) an cinneadh a neamhniú,

Cd.5 A.44

(*b*) an cinneadh a dhaingniú agus, de réir mar a mheasfaidh an Chúirt is cuí—

(i) a ordú don Chomhairle an múinteoir cláraithe a bhaint den chlár,

(ii) a ordú go ndéanfar clárú a fhionraí le linn tréimhse sonraithe (ar tréimhse í a thosóidh tráth nach luaithe ná 7 lá tar éis dháta chinneadh na Cúirte agus nach faide ná 2 bhliain), nó

(iii) a ordú don Chomhairle an clárú a choimeád, faoi réir cibé coinníollacha (más ann) a mheasfaidh an Chúirt is cuí,

(*c*) cinneadh an Choiste Araíonachta a athrú, nó

(*d*) cibé ordacháin eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a thabhairt don Chomhairle,

agus féadfaidh an Chúirt cibé ordú a mheasfaidh sí is cuí a dhéanamh i dtaobh costas.

(4) Má dheimhníonn an Chomhairle tráth ar bith don Ard-Chúirt go bhfuil moill mhíchuí déanta ag an múinteoir cláraithe ag dul ar aghaidh le hiarratas faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh an Chúirt, mura mbeidh cúis mhaith aici lena mhalairt a dhéanamh, an cinneadh a dhaingniú nó féadfaidh sí cibé ordacháin eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a thabhairt don Chomhairle agus féadfaidh sí cibé ordú a mheasfaidh sí is cuí a dhéanamh i dtaobh costas.

(5) I gcás nach ndéanfaidh múinteoir cláraithe iarratas chuig an Ard-Chúirt faoi *fho-alt (3)* ar neamhniú an chinnidh, déanfaidh an Chomhairle, laistigh de 21 lá ó dheireadh na tréimhse chun iarratas a dhéanamh faoin bhfo-alt sin, nó cibé tréimhse bhreise is dóigh leis an gCúirt is cóir agus is cothrom sna himthosca, iarratas *ex parte* chun na hArd-Chúirte ar dhaingniú an chinnidh agus, má dhéanann an Chomhairle iarratas den sórt sin, déanfaidh an Chúirt, ar an iarratas a éisteacht, mura mbeidh cúis mhaith aici lena mhalairt a dhéanamh, an cinneadh a dhaingniú nó féadfaidh sí cibé ordacháin eile a mheasfaidh an Chúirt is cuí a thabhairt don Chomhairle agus féadfaidh sí cibé ordú a mheasfaidh sí is cuí a dhéanamh i dtaobh costas.

(6) Is breith chríochnaitheach breith na hArd-Chúirte ar iarratas faoin alt seo, ach amháin go mbeidh, le cead ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Uachtarach, ábhar achomhairc ag an gComhairle nó ag an múinteoir cláraithe, i gcoinne na breithe sin, chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist shonraithe dlí.

(7) Tar éis breithe faoin alt seo ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Uachtarach, de réir mar a bheidh, déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, an bhreith a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don mhúinteoir, don iarratasóir, don Aire agus, i gcás an múinteoir a bheith fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fostóir.

(8) Féadfaidh duine a bhainfear den chlár faoin alt seo iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle go gclárófar é nó í ag deireadh na tréimhse a bheidh sonraithe faoin alt seo, ar tréimhse í ar lena linn nach mbeidh sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh go ndéanfar é nó í a chur ar ais ar an gclár, agus beidh feidhm ag *alt 31*.

**45.**—(1) (*a*) I gcás ina gcoimeádfar múinteoir cláraithe ar an gclár faoi réir coinníollacha de réir *alt 44(1)(c)*, lena n-áirítear coinníoll maidir leis an tréimhse ar lena linn a chomhlíonfar na coinníollacha sin, féadfaidh an múinteoir iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoiste Araíonachta, laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe, ar fhadú ar an tréimhse sin.

Cd.5

Coinníollacha maidir le múinteoir cláraithe a choimeád ar an gclár a chomhlíonadh.

(*b*) Is de réir rogha an Choiste Araíonachta a dhéanfar aon fhadú ar an tréimhse shonraithe.

(2) I gcás nach ndéanfaidh duine na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chomhlíonadh laistigh den tréimhse shonraithe nó laistigh d'aon fhadú ar an tréimhse sin, bainfear é nó í den chlár agus beidh feidhm ag *alt 44* amhail is dá mba ionann duine a bhaint den chlár faoi bhfo-alt seo agus é nó í a bhaint den chlár faoi *alt 44*.

**46.**—I gcás ina mbeidh múinteoir cláraithe ar fionraí ón gclár faoi *alt 44* déanfar, ag deireadh na tréimhse fionraí a bheidh sonraithe faoin alt sin, é nó í a chur ar ais ar an gclár faoi réir cibé táille a íoc a bheidh forordaithe faoi *alt 23*.

Deireadh a chur le fionraí ón gclár.

**47.**—(1) I gcás inar deimhin leis an gComhairle gurb é leas an phobail é, féadfaidh an Chomhairle, i ndáil le múinteoir cláraithe, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú go bhfionrófar a chlárú nó a clárú le linn na tréimhse a shonrófar san ordú.

Iarratas ón gComhairle chun na hArd-Chúirte ar ordú chun clárú a fhionraí.

(2) Féadfar iarratas faoin alt seo a dhéanamh ar mhodh achomair agus éistfear é ar shlí seachas go poiblí.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici faoin alt seo, cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach (más ann) a dhéanamh a mheasfaidh sí is cuí.

(4) Tar éis breithe faoin alt seo ón Ard-Chúirt, déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, an bhreith a chur in iúl, trí fhógra i scríbhinn, don mhúinteoir, don Aire agus, i gcás an múinteoir a bheith fostaithe mar mhúinteoir, dá fhostóir nó dá fostóir.

## CUID 6

### An Chomhairle Chláraitheachta a Dhíscaoileadh

**48.**—Aisghairtear an *Intermediate Education (Ireland) Act*, 1914, le héifeacht ón lá bunaithe.

An *Intermediate Education (Ireland) Act*, 1914, a aisghairm.

**49.**—(1) Ar an lá bunaithe, tiocfaidh an Chomhairle Chláraitheachta chun bheith, agus beidh sí, arna díscaoileadh.

An Chomhairle Chláraitheachta a dhíscaoileadh.

(2) Aon tagairtí don Chomhairle Chláraitheachta in achtachán (seachas an tAcht seo) nó in ionstraim arna déanamh faoi nó i meamram comhlachais nó in airteagail chomhlachais aon chuideachta (de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999) nó in aon doiciméad dlíthiúil eile, forléireofar iad, ar an lá bunaithe agus dá éis, mar thagairtí don Chomhairle.

Cd.6

Imeachtaí dlíthiúla a bheidh ar feitheamh.

**50.**—(1) Más rud é, díreach roimh an lá bunaithe, go mbeidh aon imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh in aon chúirt nó binse agus gur páirtí sna himeachtaí an Chomhairle Chláraitheachta nó aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, déanfar ainm na Comhairle a chur in ionad ainm na Comhairle Cláraitheachta nó, de réir mar a bheidh, in ionad ainm an iontaobhaí nó an ghníomhaire, sna himeachtaí, nó a chur leis na himeachtaí sin, de réir mar is cuí, agus ní rachaidh na himeachtaí sin ar ceal mar gheall ar an ionadú.

(2) Déanfaidh an tAire, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, an Chomhairle a shlánú in aghaidh na gcostas go léir a thabhóidh sí in imeachtaí dlíthiúla, nó i dtaca le himeachtaí dlíthiúla, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Sócmhainní agus dliteanais a aistriú.

**51.**—(1) Déantar, le héifeacht ón lá bunaithe, na nithe seo a leanas a aistriú chuig an gComhairle—

(*a*) na cearta agus an mhaoin go léir, agus na cearta a bhaineann leis an maoin sin, a bheidh, díreach roimh an lá sin, ar seilbh nó ar teachtadh ag an gComhairle Chláraitheachta nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus

(*b*) na dliteanais go léir a bheidh tabhaithe roimh an lá sin ag an gComhairle Chláraitheachta, nó ag aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus nach mbeidh urscaoilte roimh an lá sin,

agus, dá réir sin, gan aon tíolacadh, aistriú ná sannadh breise—

(i) dílseoidh an mhaoin sin, réadach agus pearsanta, ar an lá sin, don Chomhairle ar feadh an eastáit, an téarma nó an leasa go léir dá raibh sí, díreach roimh an lá sin, dílsithe don Chomhairle Chláraitheachta nó d'aon iontaobhaí nó gníomhaire a bhí ag gníomhú thar a ceann, ach sin faoi réir na n-iontaobhas agus na gcothromas go léir a dhéanann difear don mhaoin agus atá inchomhlíonta,

(ii) beidh na cearta sin, ar an agus ón lá sin, ar teachtadh ag an gComhairle, agus

(iii) beidh na dliteanais sin, ar an agus ón lá sin, ina ndliteanais de chuid na Comhairle.

(2) Déanfar an t-airgead, na stoic, na scaireanna agus na hurrúis go léir a aistrítear chuig an gComhairle leis an alt seo agus a bheidh, díreach roimh an lá bunaithe, in ainm na Comhairle Cláraitheachta nó in ainm aon iontaobhaí nó gníomhaire dá cuid a aistriú, ar an gComhairle á iarraidh sin, isteach ina hainm.

(3) Gach ceart agus dliteanas a aistrítear chuig an gComhairle leis an alt seo, féadfaidh an Chomhairle, ar an lá bunaithe agus dá éis, agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú, nó féadfar agra a dhéanamh ina leith, é a ghnóthú nó é a fhorfheidhmiú i gcoinne na Comhairle, ina hainm féin agus ní gá don Chomhairle fógra faoin aistriú a thabhairt don duine a n-aistrítear a cheart nó a ceart nó a dhliteanas nó a dliteanas leis an alt seo.

(4) Ní dhéanfaidh an Chomhairle, gan toiliú an Aire, aon chuid d'aon talamh nó aon leas in aon talamh a aistrítear chuig an gComhairle nó a dhílsítear di faoin alt seo a dhiúscairt.

**52.**—Gach banna, ráthaíocht nó urrús eile de chineál leanúnach arna dhéanamh nó arna déanamh, nó arna thabhairt nó arna tabhairt, ag an gComhairle Chláraitheachta nó thar a ceann d'aon duine nó a bheidh tugtha ag aon duine don Chomhairle Chláraitheachta agus a bheidh glactha ag an gComhairle Chláraitheachta nó thar a ceann, agus gach conradh nó comhaontú arna dhéanamh idir an Chomhairle Chláraitheachta, nó aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus aon duine eile, agus a bheidh i bhfeidhm ach nach mbeidh forghníomhaithe agus críochnaithe go hiomlán díreach roimh an lá bunaithe, leanfaidh siad i bhfeidhm ar an lá sin agus dá éis agus forléireofar iad agus beidh éifeacht leo amhail is dá gcuirfí ainm na Comhairle isteach iontu in ionad ainm na Comhairle Cláraitheachta nó, de réir mar a bheidh, in ionad ainm aon iontaobhaí nó gníomhaire a bheidh ag gníomhú thar a ceann, agus beidh siad infhorfheidhmithe ag an gComhairle nó ina coinne.

CD.6
Caomhnú conarthaí leanúnacha áirithe agus oiriúnú tagairtí.

## CUID 7

### ILGHNÉITHEACH

**53.**—Féadfaidh an Chomhairle socruithe a dhéanamh agus a chur i gcrích le haon duine nó comhlacht daoine d'fhonn cabhrú leis an gComhairle nó le haon choiste dá cuid a feidhmeanna nó a fheidhmeanna a chomhall go cuí.

Socruithe le daoine chun cabhrú leis an gComhairle.

**54.**—Féadfaidh an tAire le rialachán, ó am go ham, de réir mar a mheasfaidh sé nó sí is gá nó is cuí, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle agus le haon Aire eile den Rialtas lena mbaineann i dtuairim an Aire, cibé feidhmeanna breise a thabhairt don Chomhairle agus, dá dhroim sin, modhnú a dhéanamh ar aon fheidhm láithreach de chuid na Comhairle, ar feidhmeanna iad a bhaineann nó a ghabhann leis na nithe seo a leanas—

Feidhmeanna breise a shannadh.

(*a*) oideachas agus oiliúint do mhúinteoirí nó aon ní eile a bhaineann le gairm na múinteoireachta agus le múinteoirí, nó

(*b*) na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a údaraítear don Chomhairle, de thuras na huaire, a sholáthar nó a sheoladh,

lena n-áirítear feidhmeanna chun éifeacht a thabhairt do na nithe seo a leanas—

(i) aon fhoráil de na conarthaí a rialaíonn na Comhphobail Eorpacha,

(ii) aon treoir, rialachán nó ionstraim eile a ghlac institiúid de na Comhphobail Eorpacha, nó

(iii) breithiúnas de chuid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa,

ar nithe iad a bhaineann le múinteoirí nó le gairm na múinteoireachta.

**55.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Chomhairle tuarascáil maidir lena gníomhaíochtaí agus lena himeachtaí faoin Acht seo a ullmhú agus a fhoilsiú i cibé foirm agus modh a mheasfaidh sí is cuí.

Tuarascáil bhliantúil.

Cd.7 A.55

(2) Déanfar tuarascáil faoi *fho-alt (1)* a ullmhú—

(*a*) i gcás na chéad tuarascála den sórt sin, ag deireadh bliana tar éis an lae bunaithe, agus

(*b*) ina dhiaidh sin, ag deireadh bliana tar éis ullmhú na tuarascála roimhe sin.

(3) Soláthróidh an Chomhairle cóip den tuarascáil don Aire agus cuirfidh an tAire faoi deara an tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Cionta agus pionóis i ndáil leis an gclár.

**56.**—Aon duine—

(*a*) a dhéanfaidh uiríoll go bréagach gur múinteoir cláraithe é nó í, nó

(*b*) a bhainfidh úsáid go calaoiseach as deimhniú clárúcháin arna eisiúint faoin Acht seo chuig an duine sin nó chuig aon duine eile, nó

(*c*) a dhéanfaidh, nó a chuirfidh faoi deara go ndéanfar, aon dearbhú nó uiríoll bréagach d'fhonn go gclárófaí é nó í faoin Acht seo nó a chabhróidh nó a neartóidh le haon duine eile aon dearbhú nó uiríoll bréagach den sórt sin a dhéanamh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó, de rogha na cúirte, an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi.

Nochtadh leasanna.

**57.**—(1) I gcás leas airgid nó leas tairbhiúil eile a bheith ag comhalta nó fostaí de chuid na Comhairle (lena n-áirítear an Stiúrthóir) nó ag comhalta de choiste, nó ag sainchomhairleoir, comhairleoir nó duine eile a bheidh ar fostú ag an gComhairle, in aon ní a bheidh le breithniú ag an gComhairle nó ag coiste, nó in aon ní atá ábhartha i leith an ní sin, comhlíonfaidh sé nó sí na ceanglais seo a leanas:

(*a*) nochtfaidh sé nó sí don Chomhairle nó do choiste, de réir mar a bheidh, go bhfuil an leas sin aige nó aici agus cén cineál leasa é sula ndéanfar aon bhreithniú ar an ní;

(*b*) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar chinneadh i ndáil leis an ní;

(*c*) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfar ar an ní;

(*d*) más comhalta nó fostaí de chuid na Comhairle nó comhalta de choiste é nó í, tarraingeoidh sé nó sí siar ón gcruinniú lena mbaineann fad a bheidh an ní á phlé nó á bhreithniú agus ní vótálfaidh sé nó sí ná ní ghníomhóidh sé nó sí ar shlí eile mar chomhalta nó mar fhostaí den sórt sin i ndáil leis an ní;

(*e*) ní vótálfaidh sé nó sí ar chinneadh a bhaineann leis an ní.

(2) Chun críocha an ailt seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1),* measfar leas tairbhiúil a bheith ag duine más rud é—

(*a*) gur comhalta de chuideachta nó d'aon chomhlacht eile ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní dá dtagraítear san fho-alt sin, nó ag a bhfuil leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní dá dtagraítear san fho-alt sin, an duine nó aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach, nó aon ainmnitheach dá chuid nó dá cuid nó de chuid aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach, Cd.7 A.57

(*b*) go bhfuil an duine nó aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach i gcomhpháirtíocht le duine, nó ar fostú ag duine, ag a bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin, nó ag a bhfuil leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní den sórt sin,

(*c*) gur páirtí an duine nó aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach in aon socrú nó comhaontú (cibé acu infhorfheidhmithe nó nach ea) maidir le talamh lena mbaineann ní den sórt sin, nó

(*d*) go bhfuil leas tairbhiúil i ní den sórt sin nó leas tairbhiúil atá ábhartha i leith ní den sórt sin ag aon duine dá theaghlach nó dá teaghlach.

(3) Chun críocha an ailt seo, ní mheasfar leas tairbhiúil in aon ní, nó leas atá ábhartha i leith aon ní, a bheith ag duine de bhíthin amháin go bhfuil leas ag an duine nó ag aon chuideachta nó ag aon chomhlacht eile nó duine eile a luaitear i *bhfo-alt (2)*, ar leas é atá chomh cianda nó chomh neamhthábhachtach sin nach féidir a mheas le réasún gur dóigh dó tionchar a imirt ar dhuine le linn dó nó di breithniú, plé nó vótáil a dhéanamh ar aon cheist maidir leis an ní, nó le linn dó nó di aon fheidhm a bhaineann leis an ní sin a chomhlíonadh.

(4) Más rud é, ag cruinniú den Chomhairle, go n-éireoidh ceist i dtaobh cibé acu arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe, dá ndéanfadh duine dá réir, agus mainneachtain ag an duine ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, cinnfidh an Chomhairle an cheist, agus is cinneadh críochnaitheach an cinneadh uaithi, agus déanfar sonraí an chinnidh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(5) I gcás ina ndéanfar nochtadh faoin alt seo, déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann agus, fad a bheidh an ní lena mbaineann an nochtadh á bhreithniú nó á phlé ag an gcruinniú, ní dhéanfar an duine a dhéanfaidh an nochtadh, i gcás inar comhalta den Chomhairle é nó í, a áireamh sa chóram don chruinniú mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.

(6) Faoi réir *mhír 3(2)* de *Sceideal 1*, i gcás ina mainneoidh duine dá dtagraítear san alt seo nochtadh a dhéanamh de réir an ailt seo, cinnfidh an Chomhairle nó an coiste, de réir mar a bheidh, an beart cuí a bheidh le déanamh.

Nochtadh faisnéise.

**58.**—(1) Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le dlí agus faoi réir *fho-alt (3)*, ní nochtfaidh duine, gan toiliú na Comhairle, faisnéis faoi rún a gheobhaidh sé nó sí le linn dó nó di dualgais a chomhall, nó de thoradh dualgais a chomhall—

(*a*) mar chomhalta den Chomhairle,

(*b*) mar fhostaí don Chomhairle (lena n-áirítear an Stiúrthóir),

(*c*) mar chomhalta de choiste, nó

Cd.7 A.58

(*d*) mar chomhairleoir nó mar shainchomhairleoir don Chomhairle nó do choiste nó mar fhostaí de chuid duine den sórt sin.

(2) Aon duine a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.

(3) Ní thoirmiscfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* nochtadh faisnéise trí bhíthin tuarascála a thabharfar don Chomhairle nó a thabharfaidh an Chomhairle, nó a thabharfar thar ceann na Comhairle, don Aire.

(4) San alt seo folaíonn ''faisnéis faoi rún'' faisnéis a mbeidh sé sainráite ina leith ag an gComhairle nó ag coiste, de réir mar a bheidh, gur faisnéis faoi rún í maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme nó de thuairisc áirithe

Pribhléid i leith nithe áirithe.

**59.**—(1) Aon chaint a dhéanfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo chun feidhmeanna na Comhairle nó feidhmeanna coiste faoin Acht seo a chomhlíonadh, beidh sí faoi phribhléid iomlán agus beidh an chaint sin agus doiciméid, nó taifid, in aon fhoirm arna n-ullmhú ag duine lena mbaineann an t-alt seo, chun críche an chomhlíonta sin, mar aon le tuarascálacha de chuid na Comhairle nó de chuid coiste, faoi phribhléid iomlán cibé áit agus cibé caoi a bhfoilseofar iad.

(2) San alt seo ciallaíonn ''duine lena mbaineann an t-alt seo''—

(*a*) comhalta den Chomhairle,

(*b*) fostaí don Chomhairle,

(*c*) comhalta de choiste, nó

(*d*) comhairleoir nó sainchomhairleoir don Chomhairle nó do choiste, nó fostaí de chuid duine den sórt sin.

Fianaise áirithe a bheith neamh-inghlactha.

**60.**—Aon ráiteas nó admháil a dhéanfaidh duine os comhair fiosrúcháin faoi *Chuid 5* ag an gComhairle nó ag coiste, nó i ndoiciméad a ullmhófar don Chomhairle nó do choiste agus a chuirfidh duine chuici nó chuige, nó chuig comhalta den Chomhairle nó de choiste, nó chuig comhalta d'fhoireann na Comhairle nó d'fhoireann coiste, chun críocha fiosrúcháin faoi *Chuid 5* ag an gComhairle nó ag coiste, ní bheidh sé nó sí inghlactha mar fhianaise i gcoinne an duine, nó i gcoinne aon duine a bheidh faoi dhliteanas i leith ghníomhartha nó neamhghníomhartha an duine, in aon imeachtaí coiriúla (seachas imeachtaí i ndáil le cion faoi *mhír 6(2)* de *Sceideal 3*), nó in aon imeachtaí sibhialta i gcúirt nó i mbinse eile.

Ionchúiseamh i leith cionta.

**61.**—(1) Féadfaidh an Chomhairle imeachtaí i ndáil le cion faoin Acht seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

(2) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoin Acht seo a thionscnamh laistigh de 12 mhí ó dháta an chiona.

Fógraí a sheirbheáil.

**62.**—(1) Faoi réir *fho-alt (4)*, déanfar fógra a cheanglaítear a sheirbheáil nó a thabhairt leis an Acht seo nó fúithi a dhíriú chuig

an duine lena mbaineann agus a sheirbheáil nó a thabhairt ar cheann de na slite seo a leanas: Cd.7 A.62

(*a*) trína dhíriú chuig an duine faoina ainm nó faoina hainm agus trína sheachadadh air nó uirthi;

(*b*) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine;

(*c*) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha a bheidh dírithe chuig an duine ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi;

(*d*) más rud é go mbeidh seoladh le haghaidh seirbheáil fógraí tugtha ag an duine, trína fhágáil ag an seoladh sin nó trína chur leis an bpost cláraithe réamhíoctha, agus é dírithe chuige nó chuici, chuig an seoladh sin.

(2) I gcás nach féidir ainm an duine lena mbaineann a fháil amach le fiosrú réasúnach, féadfar fógra faoin Acht seo a dhíriú chuig ''an t-áititheoir'', ''an t-úinéir'' nó ''an duine i gceannas'', de réir mar a bheidh.

(3) Chun críocha an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1999, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le fógra dá dtagraítear i *Sceideal 1*.

## SCEIDEAL 1

*Alt 5.*

### Comhaltas agus Cruinnithe na Comhairle

1. Sa Sceideal seo, ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt, ciallaíonn ''comhalta'' comhalta den Chomhairle, lena n-áirítear an cathaoirleach.

2. (1) Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta tar éis a bunaithe, séala a sholáthar di féin agus a choimeád ina seilbh.

(2) Déanfar séala na Comhairle a fhíordheimhniú—

(*a*) le síniú chathaoirleach na Comhairle nó comhalta eile den Chomhairle a bheidh údaraithe ag an gComhairle chun gníomhú chuige sin, agus

(*b*) le síniú fostaí de chuid na Comhairle a bheidh údaraithe ag an gComhairle chun gníomhú chuige sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala na Comhairle agus déanfar ionstraim a airbheartaíonn a bheith ina hionstraim a rinne an Chomhairle agus a bheith séalaithe lena séala (a airbheartaíonn a bheith fíordheimhnithe de réir *fhomhír (2)*) a ghlacadh i bhfianaise agus measfar gur ionstraim den sórt sin í gan aon chruthúnas eile mura suífear a mhalairt.

3. (1) Féadfaidh an tAire aon tráth, ar chúiseanna sonraithe, comhalta a bheidh ceaptha chun na Comhairle ag an Aire faoi *alt 8(2)(g)* a chur as oifig.

Sc.1

(2) Féadfaidh an Chomhairle aon tráth, ar chúiseanna sonraithe, comhalta (lena n-áirítear, faoi réir *mhír 6(2)(c)*, an cathaoirleach), seachas comhalta a bheidh ceaptha chun na Comhairle ag an Aire faoi *alt 8(2)(g)*, a chur as oifig.

(3) Féadfaidh comhalta (seachas an cathaoirleach) éirí as oifig mar chomhalta aon tráth le fógra i scríbhinn chuig an gcathaoirleach agus beidh éifeacht leis an éirí as ar dháta an chéad chruinnithe eile den Chomhairle a thionólfar tar éis don Chomhairle an fógra a fháil.

(4) Scoirfidh múinteoir cláraithe a bheidh tofa nó ainmnithe mar chomhalta faoi *alt 8(2)(a)* nó *(b)* de bheith ina chomhalta nó ina comhalta nuair a scoirfidh sé nó sí de bheith ina mhúinteoir cláraithe nó ina múinteoir cláraithe.

(5) Scoirfidh comhalta (lena n-áirítear an cathaoirleach), a bheidh as láthair ó gach cruinniú den Chomhairle ar feadh 6 mhí as a chéile, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta ag deireadh na tréimhse sin, mura rud é gur breoiteacht faoi deara é nó í a bheith as láthair nó gur cheadaigh an Chomhairle é nó í a bheith as láthair.

4. (1) Faoi réir *mhír 5*, sonróidh an tAire, nuair a bheidh comhaltaí á gceapadh aige nó aici faoi *alt 8*, téarma oifige gach comhalta acu, ar téarma é—

(*a*) i gcás comhalta den chéad Chomhairle, nach faide ná 3 bliana, agus

(*b*) i gcás comhalta de gach Comhairle ina dhiaidh sin, nach faide ná 4 bliana,

mura rud é go bhfaighidh an comhalta bás, mura n-éireoidh sé nó sí as oifig nó mura dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe.

(2) (*a*) Faoi réir *chlásal (b)*, ní fhónfaidh comhalta ar feadh níos mó ná 2 théarma oifige as a chéile.

(*b*) Ní dhéanfar téarma oifige mar chomhalta den chéad Chomhairle a áireamh chun críocha *chlásal (a)*.

(3) Áireofar aon téarma oifige mar chathaoirleach sna téarmaí oifige dá dtagraítear i *bhfomhír (2)*.

5. (1) I gcás ina dtarlóidh corrfholúntas i measc na gcomhaltaí (seachas an cathaoirleach nó na comhaltaí sin a cheaptar trína dtoghadh) déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, an corrfholúntas a chur in iúl don Aire agus déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, tar éis dul i gcomhairle le cibé comhlacht nó eagraíocht a mheasfaidh sé nó sí is cuí, duine a cheapadh chun an corrfholúntas sin a líonadh agus beidh duine a cheapfar amhlaidh i seilbh oifige, faoi réir an Sceidil seo, ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar de bharr é nó í d'fháil bháis, d'éirí as, a chur as oifig nó do scor ar aon chúis eile d'oifig a shealbhú a tharla an corrfholúntas.

(2) I gcás ina dtarlóidh corrfholúntas i measc na gcomhaltaí a cheaptar trína dtoghadh, comhthoghfaidh an Chomhairle duine a bheadh, faoin Acht seo, incheaptha amhlaidh agus beidh duine a chomhthoghfar amhlaidh i seilbh oifige mar chomhalta ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta ar de bharr é nó í d'fháil bháis, d'éirí as, a chur as oifig nó do scor ar aon chúis eile d'oifig a shealbhú a tharla an corrfholúntas.

6. (1) Déanfaidh an Chomhairle, ó am go ham— Sc.1

(*a*) cathaoirleach, agus

(*b*) leaschathaoirleach,

a thoghadh as measc a comhaltaí.

(2) Beidh an cathaoirleach agus an leaschathaoirleach araon i seilbh oifige ar feadh cibé téarma a shonróidh an Chomhairle tráth a cheaptha nó a ceaptha, mura rud é—

(*a*) go scoirfidh sé nó sí de bheith, nó go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith dícháilithe chun bheith, ina chomhalta nó ina comhalta,

(*b*) go n-éireoidh sé nó sí as oifig mar chathaoirleach nó mar leaschathaoirleach, nó

(*c*) go ndéanfaidh an Chomhairle le rún, a dtabharfar fógra 7 lá ar a laghad do gach comhalta ina leith á rá go bhfuil ar intinn é a mholadh agus a vótálfaidh dhá thrian ar a laghad de na comhaltaí ar a shon, an cathaoirleach nó an leaschathaoirleach a chur as oifig mar chathaoirleach nó mar leaschathaoirleach.

(3) Féadfaidh an cathaoirleach nó an leaschathaoirleach éirí as oifig aon tráth le fógra i scríbhinn chuig an gComhairle agus beidh éifeacht leis an éirí as ar dháta an chéad chruinnithe eile den Chomhairle a thionólfar tar éis don Chomhairle an fógra a fháil.

(4) Más rud é, i dtoghchán don chathaoirleach nó don leaschathaoirleach, go bhfaighidh 2 dhuine nó níos mó an líon céanna vótaí, cinnfear trí chrannchur cé acu de na daoine sin a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach, nó ina leaschathaoirleach.

7. (1) Socróidh an tAire dáta, am agus ionad an chéad chruinnithe den Chomhairle.

(2) Tionólfaidh an Chomhairle 3 chruinniú ar a laghad gach bliain agus cibé cruinnithe eile agus cibé líon cruinnithe eile, agus ag cibé tráthanna, a chinnfidh an cathaoirleach.

8. (1) Faoi réir *fhomhír (2)*, 15 is córam do chruinniú den Chomhairle.

(2) Más rud é, ag cruinniú den Chomhairle, go mbeidh múinteoir cláraithe a bhaint den chlár mar ábhar ar an gclár oibre, is é 20 an córam.

9. (1) Déanfaidh an Stiúrthóir, nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, déanfaidh an cathaoirleach, cruinniú den Chomhairle a chomóradh nuair a iarrfaidh líon comhaltaí nach lú ná 10 air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(2) Má dhiúltaíonn an Stiúrthóir, nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, má dhiúltaíonn an cathaoirleach, cruinniú den Chomhairle a chomóradh faoi *fhomhír (1)*, féadfaidh aon 5 chomhalta, a luaithe is indéanta, cruinniú den Chomhairle a chomóradh.

(3) Mura ndéanfaidh an Stiúrthóir, nó, má bhíonn sé nó sí as láthair, mura ndéanfaidh an cathaoirleach, gan diúltú, cruinniú den Chomhairle a chomóradh laistigh de 7 lá tar éis iarrata chun na críche

Sc.1

sin a bheith déanta chuige nó chuici faoi *fhomhír (1)*, féadfaidh aon 5 chomhalta, ag deireadh na tréimhse sin, cruinniú den Chomhairle a chomóradh.

10. (1) 3 lá ar a laghad roimh chruinniú den Chomhairle, déanfar fógra i dtaobh am agus ionad an chruinnithe a chur chuig gach comhalta den Chomhairle, agus é sínithe—

(*a*) ag an Stiúrthóir nó ag an gcathaoirleach, nó

(*b*) más comhaltaí a chomórfaidh an cruinniú, ag na comhaltaí sin.

(2) Más comhaltaí a chomórfaidh an cruinniú, déanfar an gnó a bheidh le déanamh ag an gcruinniú a shonrú san fhógra ag comóradh an chruinnithe sin.

11. Ag cruinniú den Chomhairle—

(*a*) is é nó is í an cathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(*b*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach i láthair, nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, is é nó is í an leaschathaoirleach, má bhíonn sé nó sí i láthair, a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú, nó

(*c*) mura mbeidh, agus fad nach mbeidh, an cathaoirleach i láthair nó má bhíonn oifig an chathaoirligh folamh, agus más rud é nach mbeidh an leaschathaoirleach i láthair nó go mbeidh oifig an leaschathaoirligh folamh, roghnóidh na comhaltaí a bheidh i láthair duine dá líon chun bheith i gceannas ag an gcruinniú sin.

12. Déanfar miontuairiscí ar imeachtaí chruinnithe uile na Comhairle a dhréachtú agus a thaifeadadh i leabhar a choimeádfar chuige sin agus síneoidh cathaoirleach an chéad chruinnithe eile ina dhiaidh sin na miontuairiscí sin.

13. Déanfar ainmneacha na gcomhaltaí go léir a bheidh i láthair ag cruinniú den Chomhairle a thaifeadadh sna miontuairiscí ar imeachtaí an chruinnithe.

14. Faoi réir *mhíreanna 6(4)* agus *8*—

(*a*) ag cruinniú den Chomhairle, déanfar gach gníomh de chuid na Comhairle agus gach ceist a thiocfaidh os comhair na Comhairle a chinneadh le tromlach de vótaí na gcomhaltaí (lena n-áirítear an cathaoirleach) a bheidh i láthair agus a vótálfaidh i ndáil leis an ngníomh nó leis an gceist, agus

(*b*) i gcás comhionannais vótaí ar aon cheist a éireoidh ag cruinniú den Chomhairle (seachas toghadh an chathaoirligh nó an leaschathaoirligh) beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó ag an duine eile a bheidh i gceannas ag an gcruinniú sin.

15. Faoi réir *mhír 8*, féadfaidh an Chomhairle gníomhú d'ainneoin folúntais amháin nó níos mó i measc a comhaltaí nó d'ainneoin aon easnaimh a aimseofar ina dhiaidh sin maidir le ceapadh comhalta.

16. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt le haon achtachán, lena n-áirítear an tAcht seo, féadfaidh an Chomhairle, ó am go ham, cibé buanorduithe is cuí léi a dhéanamh chun a himeachtaí a rialáil agus féadfaidh sí na buanorduithe sin a leasú nó a chúlghairm. Sc.1

## SCEIDEAL 2

*Alt 11.*

### An Stiúrthóir

1. Comhlíonfaidh an Stiúrthóir a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi réir cibé beartais a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham agus beidh sé nó sí freagrach don Chomhairle as bainistiú éifeachtúil agus éifeachtach na Comhairle agus as comhlíonadh cuí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna.

2. (1) Féadfaidh an Stiúrthóir aon fheidhm dá chuid nó dá cuid a tharmligean chuig fostaí de chuid na Comhairle, mura rud é go mbeidh siad arna dtarmligean amhlaidh chuig an Stiúrthóir faoi réir an choinníll nach ndéanfar iad a fhotharmligean, agus beidh an fostaí lena mbaineann cuntasach don Stiúrthóir i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh.

(2) D'ainneoin aon tarmligin den sórt sin, leanfaidh an Stiúrthóir i gcónaí de bheith cuntasach don Chomhairle i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna a tharmligfear amhlaidh.

3. Ní shealbhóidh an Stiúrthóir aon oifig nó post eile gan toiliú na Comhairle.

4. Beidh an Stiúrthóir i seilbh oifige faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le luach saothair, táillí agus liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

5. Ní bheidh an Stiúrthóir ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle nó de choiste, ach féadfaidh sé nó sí, nó féadfaidh a ainmnitheach nó a hainmnitheach, de réir nósanna imeachta a bhunóidh an Chomhairle nó an coiste, de réir mar a bheidh, freastal ar chruinnithe den Chomhairle nó de choiste agus beidh sé nó sí i dteideal labhairt ag na cruinnithe sin agus comhairle a thabhairt lena linn.

## SCEIDEAL 3

*Alt 43.*

### Painéal a Cheapadh faoi *Alt 43*

1. (1) I gcás ina mbeidh iarratas ar fhiosrúchán faoi fheidhmiúlacht múinteora chláraithe chun múineadh tarchurtha chuig an gCoiste Araíonachta faoi *alt 42(9)(1)*, iarrfaidh an Stiúrthóir ar chomhaltaí den Choiste Araíonachta a bheith ina gcomhaltaí de phainéal chun críocha fiosrúcháin faoi *alt 43* agus leagfaidh sé nó sí amach, go ginearálta, an tsaincheist a bheidh le breithniú.

(2) Is é dáta ceaptha painéil an dáta a bhfaighidh an Stiúrthóir fógraí scríofa ó chomhaltaí an Choiste Araíonachta á rá go nglacann siad lena gceapadh chuig painéal.

(3) D'ainneoin aon fholúntas i gcomhaltas an Choiste Araíonachta, féadfar painéal a cheapadh as measc a chomhaltaí.

Sc.3

2. Déanfar nósanna imeachta painéil a leagan síos, ó am go ham, i rialacha arna ndéanamh ag an gComhairle, le toiliú an Aire.

3. Déanfaidh an Coiste Araíonachta cathaoirleach painéil a cheapadh as measc chomhaltaí an phainéil.

4. (1) Gníomhóidh an Stiúrthóir mar rúnaí do phainéal.

(2) Cuirfidh an Chomhairle ar fáil do phainéal cibé seirbhísí, lena n-áirítear foireann, a theastóidh uaidh le réasún.

5. Faoi réir cibé rialacha a dhéanfar faoi *mhír 2*, féadfaidh painéal, ar iarraidh nó le toiliú ón múinteoir cláraithe lena mbaineann, fiosrúchán a sheoladh faoi *alt 43* trí scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid iomchuí agus ar na haighneacht scríofa ón iarratasóir agus ón múinteoir cláraithe, in ionad éisteachta ó bhéal.

6. (1) Beidh ag painéal, chun críche fiosrúcháin faoin alt seo, na cumhachtaí, na cearta agus na pribhléidí a dhílsítear don Ard-Chúirt nó do bhreitheamh den Ard-Chúirt ar chaingean a éisteacht i leith na nithe seo a leanas—

(*a*) a thabhairt ar fhinnéithe freastal agus iad a cheistiú faoi mhionn nó ar shlí eile, agus

(*b*) ordú a thabhairt doiciméid a thabhairt ar aird,

agus féadfar toghairm, arna síniú ag cathaoirleach an phainéil nó ag cibé comhalta eile den phainéal a bheidh údaraithe ag an bpainéal chuige sin, a chur in ionad aon nós imeachta foirmiúil, agus is ionann di agus d'aon nós imeachta foirmiúil, is féidir a eisiúint i gcaingean chun a thabhairt ar fhinnéithe freastal agus chun ordú a thabhairt doiciméid a thabhairt ar aird.

(2) Más rud é —

(*a*) ar dhuine a thoghairm chun freastal os comhair painéil chun críche fiosrúcháin faoi *alt 43*, go mainneoidh sé nó sí freastal, nó

(*b*) go ndiúltóidh duine, agus é nó í i láthair mar fhinné os comhair painéil, mionn a ghlacadh a iarrfaidh an painéal go dleathach air nó uirthi a ghlacadh, nó aon doiciméad a thabhairt ar aird a bheidh ina chumhacht nó ina cumhacht nó faoina urláimh nó faoina hurláimh agus a iarrfaidh an painéal air nó uirthi go dleathach a thabhairt ar aird, nó aon cheist a fhreagairt a n-iarrfaidh an painéal freagra go dleathach uirthi, nó

(*c*) go ndéanfaidh duine, agus é nó í i láthair os comhair painéil, aon ní ar díspeagadh cúirte a bheadh ann dá mba chúirt dlí an painéal agus an chumhacht aici cimiú mar gheall ar dhíspeagadh,

beidh an duine sin ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 a chur air nó uirthi.

(3) Beidh finné os comhair painéil i dteideal na ndíolúintí agus na bpribhléidí céanna a bheadh aige nó aici dá mba fhinné os comhair na hArd-Chúirte é nó í.